HEALTH AND SAFETY AUTHORITY







# Tuarascáil Bhliantúil 2010

Ár bhfís:
Cultúr náisiúnta ina mbeidh cách tiomanta don tsábháilteacht agus don tsláinte ar na hionaid oibre agus do bhainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach

# Clár Ábhair


**Réamhfhocal ón bPríomhfheidhmeannach** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 2

**Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 3

**Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 4

**An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 6

**Gníomhartha i 2010 – Clár Comhlíontachta agus Comhairle san Ionad Oibre** . . . 7

**Gníomhartha i 2010 – Clár Seirbhísí Coiscthe** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 11

**Gníomhartha i 2010 – Clár Polasaí agus Seirbhísí Ceimiceán** . . . . . . . . . . . . . . 14

**Gníomhartha i 2010 – Clár Seirbhísí Corparáideacha** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 17

**Tuairiscí Airgeadais agus Cuntais Neamhiniúchta** . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 20

| | | |
|---|---|---|
| **Aguisín A** | **Staitisticí Forfheidhmithe 2010** | **35** |
| **Aguisín B** | **Torthaí na nIonchúiseamh 2010** | **38** |
| **Aguisín C** | **Clár um Fhorbairt Reachtaíochta 2010** | **50** |
| **Aguisín D** | **Clár um Fhorbairt Cóid Chleachtais 2010** | **52** |
| **Aguisín E** | **Treoirábhair 2010** | **53** |
| **Aguisín F** | **Fochoistí an Bhoird, Coistí Comhairleacha agus Grúpaí Oibre** | **54** |
| **Aguisín G** | **Tuairisc 2010 ar Fheidhmíocht na nÚdarás Náisiúnta Ainmnithe maidir lena gcuid Feidhmeanna faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010** | **58** |
| **Aguisín H** | **Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2010** | **64** |
| **Aguisín I** | **Ráiteas ar Chomhlíonadh na gceanglas den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit - Anuas ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais** | **65** |



Arna foilsiú i Meitheamh 2011 ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Foirgneamh Uirbeach, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1.


© Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

# Réamhfhocal ón bPríomhfheidhmeannach



Martin O'Halloran
*Príomhfheidhmeannach*

Bliain dhúshlánach a bhí ann i 2010 don Údarás agus do mhórán eagraíochtaí eile chomh maith. Laghdaíodh buiséid agus leibhéil foirne an Údaráis arís eile. Tháinig méadú ar líon na mbásanna san ionad oibre ó 43 i 2009, an ráta ab ísle riamh, go dtí 48 bás san ionad oibre ar an iomlán i 2010. Maraíodh seasca faoin gcéad de na daoine sin in earnáil na feirmeoireachta, lománaíochta agus iascaireachta, ina n-oibríonn timpeall is 6% den phobal oibre. Ar an drochuair, bhí coinne leis na timpistí sin agus bhí siad inchoiscthe.

Baineadh roinnt gníomhartha tábhachtacha amach i 2010. Is léir do na heagraíochtaí feirmeoireachta nach féidir glacadh le líon na ndaoine a mharaítear san earnáil sin agus tá obair á déanamh acu ar a gcuid tionscnamh féin agus i gcomhar leis an Údarás chun an tsábháilteacht ina réimse féin a fheabhsú.

Chomh maith leis sin, chuireamar a lán cigireachtaí agus imscrúduithe san ionad oibre i gcrích i 2010. Tugadh comhairle i gcás 70% de na cigireachtaí sin, ach rinneadh beart forfheidhmithe i gcás 9% díobh chun tromghortú, drochshláinte nó bás a chosc, toisc nach rabhthas toilteanach cloí le buncheanglais dhlíthiúla.

Leanamar lenár gcuid straitéise chun é a dhéanamh níos éasca d'fhostóirí timpistí a chosc. Chomh maith leis sin, rinneadh athbhreithniú ar an reachtaíocht a bhí ann cheana féin chun críocha comhdhlúthú agus simpliú i gcás 12 as na 19 dtogra reachtaíochta a forbraíodh i 2010. Thosaíomar ar uirlis nua um measúnacht priacail a fhorbairt chun go mbeadh sé níos éasca do ghnólachtaí beaga agus do mhicrighnólachtaí dul i mbun measúnachtaí priacail agus ráitis shábháilteachta a fhorbairt. Is cuid dár gclár "Taking Care of Business" an obair sin, clár a bhfuil mar aidhm aige ualaigh riaracháin ar ghnólachtaí a laghdú. Cuireadh breis is 30,000 glao teileafóin ar ár líne faisnéise, agus íoslódáladh breis is 400,000 foilseachán comhairleach agus treoirfhoilseachán saor in aisce ónár suíomh Gréasáin.

Mar chuid dár ngníomhaíochtaí ceimiceán, díríodh ar fhaisnéis agus comhairle a sholáthar ag tarraingt ar an spriocdháta clárúcháin REACH (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán) agus ar an spriocdháta fógraithe maidir le hAicmiú, le Lipéadú agus le Pacáistiú (CLP). Rinneamar é sin trínár seimineáir, deasc chabhrach, suíomh Gréasáin, seimineáir Ghréasáin agus an post díreach.

Rinneamar ár bpríomhról ceimiceán ar bhonn náisiúnta a dhaingniú trí chomhairle a sholáthar in Éirinn agus san AE maidir le forbairt theicniúil, polasaí agus reachtaíochta. Sholáthraíomar comhairle theicniúil agus polasaí maidir le réimse leathan saincheisteanna agus shocraíomar ar Mheabhrán Tuisceana leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Chomh maith leis sin, ghníomhaíomar ar an leibhéal AE ar mhaithe le leas náisiúnta na hÉireann chun rialacháin a mhúnlú agus chun tacú lenár n-earnáil ríthábhachtach cógaisíochta agus ceimiceán ina cuid oibre.

Agus clár uaillmhianach oibre á chur i gcrích againn i 2010, choimeádamar diansmacht ar chaiteachas, rud a chur ar ár gcumas mórchuid airgid a choigilt.

D'oibrigh ár mbaill foirne go han-chrua i rith na bliana; chabhraigh siad go gníomhach linn chun na spriocanna um nua-chóiriú, a d'fhorbraíomar i gcomhairle leo agus lena n-eagraíochtaí ionadaíocha, a chomhlíonadh. I rith 2010, fuair ár gcomhghleacaí Con Body bás chomh maith agus ba theagmhas tragóideach é. Aireoimid uainn a ghairmiúlacht, a ghealltanas agus an t-eolas mór a bhí aige, agus breis is 25 bliain caite aige ag obair go díograiseach ar son na sláinte agus na sábháilteachta. Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

Bainfidh sraith nua dúshlán leis an mbliain seo chugainn, ach tá a fhios agam go ndíreoimid ar chabhair a sholáthar d'fhostóirí agus d'fhostaithe chun gortuithe agus an drochshláinte a chosc, agus chun an tsábháilteacht ceimiceán a bhainistiú chomh ciallmhar agus chomh cost-éifeachtúil agus is féidir.

Leanfaimid lenár straitéis 2010–2012 a chur i bhfeidhm ar mhodh éifeachtúil agus éifeachtach agus cuirfimid go mór le hathchóiriú na hearnála poiblí ag féachaint don tslí ina soláthraímid seirbhísí agus ina gcuirimid i gcrích iad.

# Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an comhlacht náisiúnta reachtúil atá freagrach as forfheidhmiú dhlí na sábháilteachta agus na sláinte ceirde, cosc timpistí a chothú agus a spreagadh agus faisnéis agus comhairle a sholáthar do gach cuideachta, eagraíocht agus duine aonair. Is é an tÚdarás an tÚdarás Inniúil Náisiúnta chomh maith do REACH (Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) agus do reachtaíocht ceimiceán eile. Bíonn an tÚdarás ag plé le hionaid oibre de gach méid i ngach earnáil eacnamaíoch.

Le cead ón Aire, déanann an Bord straitéis agus polasaithe an Údaráis a bhunú. Déanann an Fhoireann Feidhmiúcháin cur i bhfeidhm na gclár bliantúil oibre a threorú i gcomhlíonadh le freagrachtaí agus polasaithe reachtúla an Údaráis mar atá leagtha amach ag an mBord.

D'fhág an tÚdarás ceangal air féin ina Ráiteas Straitéise 2010–2012 chun sé sprioc a bhaint amach:

A. Cur ar chumas na bhfostóirí, na bhfostaithe agus lucht dualgais eile na priacail i leith na sábháilteachta, na sláinte agus an leasa a laghdú.

B. Gealltanas na ndaoine a spreagadh le go mbeidh ionaid oibre slán sábháilte, rud a chuirfidh rath freisin ar gach gnóthas.

C. Tacú leis an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta maidir le reachtaíocht chuí agus polasaithe cuí a thionscnamh agus a fhorbairt.

D. Iad siúd a dhéanann faillí ina gcuid dualgas agus freagrachtaí i leith na sábháilteachta agus na sláinte ceirde agus an leasa cheirde a thabhairt chun cuntais.

E. Bainistiú slán inbhuanaithe na n-ábhar ceimiceach a chur chun cinn.

F. Féachaint chuige go mbeidh an tÚdarás éifeachtach agus é ag cur a chuid spriocanna i gcrích agus go dtabharfaidh sé luach ar airgead.

Mar chuid de chlár oibre 2010, leanadh le réimse gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun na spriocanna sin a bhaint amach. Tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar phríomhghníomhartha an Údaráis i 2010 i ngach ceann de na ceithre chlár oibre rannóige.



# Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Cinneann an Bord polasaí oibriúcháin an Údaráis. Tá dhá bhall déag ar an mBord: cathaoirleach agus aon bhall déag a cheapann an tAire Gnóthaí Saothair. Ceapann an tAire baill a ainmníonn eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na páirtithe sóisialta agus páirtithe leasmhara eile a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte cheirde, ar a n-áirítear fostaithe, fostóirí agus comhlachtaí eile.

Bhí na daoine seo a leanas ina mbaill den Bhord go dtí 19 Nollaig 2010:

**Cathaoirleach**

Jim Lyons,
iar-Phríomhfheidhmeannach, Coiste Garimoideachais Chontae an Chláir

### Ainmnithe na bhFostóirí

Dermot Carey, Ceannaire Seirbhísí Sláinte, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)

Marian Byron, Stiúrthóir, Grúpa Táirgí agus Seirbhísí Tionsclaíocha, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)

Sean Corrigan

### Ainmnithe na bhFostaithe

Eamon Devoy (Leas-Chathaoirleach), Ard-Rúnaí, Ceardchumann Teicniúil, Innealtóireachta agus Leictreachais (TEEU)

Esther Lynch, Gnóthaí Dlíthiúla agus Sóisialta, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)

Dessie Robinson, Ard-Rúnaí Cúnta, IMPACT

### Ainmnithe an Aire

Anne Marie Hayes
Pat Kearney
Francis Rochford
Christina McEleney
Rosie Sheerin

| Ball an Bhoird | Cruinnithe an Bhoird ar Freastalaíodh Orthu (as 9) |
|---|---|
| Jim Lyons (Cathaoirleach) | 9 |
| Eamon Devoy (Leas-Chathaoirleach) | 5 |
| Dessie Robinson | 6 |
| Esther Lynch | 7 |
| Dermot Carey | 8 |
| Marian Byron | 7 |
| Sean Corrigan | 9 |
| Anne Marie Hayes | 7 |
| Pat Kearney | 7 |
| Francis Rochford | 8 |
| Christina McEleney | 8 |
| Rosie Sheerin | 9 |

## Cathaoirleach



**Jim Lyons**
*iar-Phríomhfheidhmeannach, Coiste Gairmoideachais Chontae an Chláir*

## Ainmnithe na bhFostóirí



**Dermot Carey**
*Ceannaire Seirbhísí Sláinte, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)*



**Marian Byron**
*Stiúrthóir, Lárionad Táirgí Tionsclaíocha, IBEC*



**Sean Corrigan**

## Ainmnithe na bhFostaithe



**Eamon Devoy**
*(Leas-Chathaoirleach), Ard-Rúnaí Ainmnithe, Ceardchumann Teicniúil, Innealtóireachta agus Leictreachais (TEEU)*



**Esther Lynch**
*Gnóthaí Dlíthiúla agus Sóisialta, Comhdháil na gCeardchumann (ICTU)*



**Dessie Robinson**
*Ard-Rúnaí Cúnta, IMPACT*

## Ainmnithe an Aire



**Anne-Marie Hayes**



**Pat Kearney**



**Francis Rochford**



**Christina McEleney**



**Rosie Sheerin**

# An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Oibríonn cigirí, speisialtóirí gairmiúla, riarthóirí agus baill foirne chléireachais don Údarás. Chomhlíon an tÚdarás a sprioc leibhéil foirne de 190 faoi Chreat Rialaithe Fostaíochta agus i ndeireadh 2010 bhí ionann agus 185.1 ball foirne lánaimseartha againn.

Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin cur i bhfeidhm na straitéise a bhainistiú i gcomhlíonadh le freagrachtaí agus polasaithe reachtúla an Údaráis mar atá leagtha amach ag an mBord. Ceithre Aonad faoi cheannas Príomhfheidhmeannach Cúnta atá san eagraíocht mar seo a leanas:

POF
Martin O'Halloran



Príomhfheidhmeannach Cúnta
Comhlíonadh agus Comhairle
Brian Higgisson

Príomhfheidhmeannach Cúnta
Polasaí agus Seirbhísí Ceimiceán
Sharon McGuinness

(Ghníomhaigh PJ Claffey in ionad Sharon McGuinness sa chéad sé mhí de 2010)

Príomhfheidhmeannach Cúnta
Seirbhísí Coiscthe
Mary Dorgan

Príomhfheidhmeannach Cúnta
Seirbhísí Corparáideacha
Robert Roe






# Gníomhartha i 2010 – Clár Comhlíontachta agus Comhairle san Ionad Oibre

IRinne an Rannóg Comhlíontachta agus Comhairle san Ionad Oibre cigireachtaí, rud a chuir ar chumas fostóirí, fostaithe and lucht dualgais eile sláinte agus sábháilteacht níos fearr a bhaint amach san ionad oibre i 2010.

Thug an tÚdarás faoi 16,714 cigireacht agus imscrúdú ar an iomlán i 2010. Ag úsáid cur chuige a bhí bunaithe ar phriacal, socraíodh na hearnálacha agus na hábhair ar a ndíreofaí bunaithe ar athbhreithniú ar leibhéil gníomhaíochta na hearnála, ar na priacail sláinte agus sábháilteachta a bhí ar eolas agus ar na rátaí gortaithe agus drochshláinte. Chomh maith leis sin, rinneadh cigireachtaí a chomhordú le tionscnaimh agus le feachtais feasachta an Údaráis.

Ina theannta sin, admhaíonn an tÚdarás gur gá imscrúdú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar thimpistí tromchúiseacha agus ar bhásanna san ionad oibre. Tá dhá aidhm ag na himscrúduithe sin: cúiseanna a aithint agus an t-eolas sin a úsáid chun daoine a chur ar an eolas agus chun atarlú a chosc; agus lucht dualgais a thabhairt chun cúitimh nuair a thugtar údar ceart leis.

I gcomhlíonadh le Spriocanna A agus B den straitéis againn, cuirimid cur chuige maidir le comhlíonadh chun cinn atá bunaithe ar thacaíocht a thabhairt do na fostóirí sin a admhaíonn go mbaineann sochar le hionad oibre slán sábháilte agus a thaispeánann go bhfuil siad toilteanach na ceanglais sin a chomhlíonadh. Soláthraíonn ár gcigirí treoirábhar agus comhairle (comhairle ó bhéal i gcás 31% de chigireachtaí i 2010 agus comhairle scríofa i gcás 42% díobh). I gcás 9% de chigireachtaí, áfach, ní raibh fostóirí toilteanach na ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh. Rinneadh bearta foirmiúla forfheidhmithe sna cásanna sin chun an comhlíonadh a chinntiú.

Tugadh tacaíocht do chur i bhfeidhm chórais éifeachtacha um bainistíocht sláinte agus sábháilteachta trí chigireachtaí a dhéanamh i gcomhlíonadh le Sprioc A den Straitéis. Léirítear feidhmíocht maidir leis na príomhcheanglais sláinte agus sábháilteachta seo a leanas sna sonraí a bailíodh i rith na gcigireachtaí:

- bhí ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag 83% d'fhostóirí, agus bhí 73% de na ráitis sin ar fáil san ionad oibre;
- bhí a ndualgais faoin reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte ar eolas ag 88% de bhainisteoirí sinsearacha;
- bhí córais comhairliúcháin sábháilteachta ag 88% de na hionaid oibre ina raibh gá leis na córais sin;
- bhí sé ar eolas ag 85% d'fhostóirí gur gá timpistí de 4+ lá a thuairisciú agus bhí córais acu chun é sin a dhéanamh;

Léirítear in Aguisín A leibhéil na gníomhaíochta cigireachta agus forfheidhmithe de réir earnála.

Agus cigireachtaí á ndéanamh ag an Údarás, thug sé faoi réimse gníomhaíochtaí chun tacú le comhlíonadh na gceanglas reachtaíochta agus chun é sin a chinntiú. Ar an iomlán, tugadh comhairle ó bhéal (amháin) i gcás 5,235 cigireacht. I 6,971 cás eile, tugadh comhairle scríofa maraon leis an gcomhairle ó bhéal, ar a n-áiríodh sonraí faoi na saincheisteanna nárbh fholáir aire a thabhairt dóibh. Nuair a bhí fianaise ann i dtaobh gníomhaíochta a d'fhéadfadh a bheith ina priacal tromchúiseach don duine nó nach rabhthas ábalta tuairim a bhaint as go gcomhlíonfaí go deonach leis na ceanglais, de bharr na gcaighdeán sláinte agus sábháilteachta ag an ionad oibre, thug an tÚdarás faoi fhorfheidhmiú foirmiúil. I 2010, eisíodh 914 Fógra Feabhsúcháin agus 599 Fógra Toirmisc chun díriú ar ghníomhaíochtaí sonracha. Ina theannta sin, measadh go raibh na caighdeáin sábháilteachta agus sláinte a chonacthas ag 14 láithreán foirgníochta chomh lag sin go ndúnfaí iad. I ngach ceann de na cásanna sin, ghlac an conraitheoir páirt i bpróiseas comhaontaithe toirmisc chun caighdeáin sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú. Eisíodh 71 fíneáil ar an láthair faoin Rialachán um Iompar Substaintí Guaiseacha.

Is féidir leis an Údarás daoine a ionchúiseamh mar ghéarphionós agus déanann sé é sin nuair a bhíonn gá leis. I 2010, d'éirigh leis an Údarás 27 ionchúiseamh a chur i gcrích: 10 n-ionchúiseamh achomair agus 17 n-ionchúiseamh ar díotáil (féach na sonraí in Aguisín B). Ina theannta sin, seoladh 23 comhad breise chuig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoir a fháil. Gearradh fíneálacha €571,900 ar an iomlán faoi bhreitheanna sna hionchúisimh ar éiríodh leo. Ina theannta sin, tugadh amach dhá bhreith choimeádta 12 mhí ar fionraí.

Tuigeann an tÚdarás go mb'fhéidir go mbeadh air dul i dteagmháil le gníomhaireachtaí stáit eile a mbíonn ról reachtúil acu chun a chinntiú go ndéantar an reachtaíocht sábháilteachta agus sláinte a chomhlíonadh agus go ndéantar imscrúdú ar sháruithe suntasacha ar an reachtaíocht sin. Chun comhar a éascú ina leithéid de chásanna, d'fhorbair an tÚdarás Meabhrán Tuisceana in éineacht leis an Garda Síochána, le hOifig an Choimisiúin um Rialáil Fuinnimh, leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, agus déanann sé athbhreithniú fós ar an meabhrán sin.

## Achoimre ar an gClár Cigireachta

I 2010, tugadh tosaíocht do mhéadú suntasach agus láithreach ar ghníomhaíochtaí cigireachta in earnáil na **talmhaíochta**. Chun é sin a dhéanamh, bhí sé riachtanach foireann thiomnaithe um chigireacht talmhaíochta a bhunú taobh istigh den Údarás. Mar thoradh ar an athrú seo, tháinig méadú 40% ar leibhéal na gcigireachtaí feirme in 2010.
Leanfar leis an méadú sin i 2011, le 3000 cigireacht beartaithe. Bhí sé riachtanach idirghabháil a dhéanamh i 42% de na cigireachtaí ó thaobh chaighdeán na bainistíochta sláinte agus sábháilteachta ar an bhfeirm. Bhí na cigirí ag obair le heagraíochtaí feirmeoireachta chomh maith chun modhanna eile a fhorbairt le feasacht a chruthú i measc feirmeoirí. Mar shampla, cuairt oideachasúil a bhí ann do na feirmeoirí nuair a tugadh cuireadh dóibh freastal ar fheirm áitiúil a raibh beirt chigire ag tabhairt cuairte uirthi. Taispeánadh do na feirmeoirí a bhí i láthair na príomhghuaiseacha agus conas iad a rialú. I mí Aibreáin, reáchtáladh feachtas um shábháilteacht feirmeoireachta.

Thug ár gcigirí faoi deara in earnáil na **foirgníochta** go raibh ardleibhéal de chórais um bainistíocht sláinte agus sábháilteachta curtha i bhfeidhm. Ní raibh gá le bearta forfheidhmithe ach i gcás 18% de chigireachtaí. Tháinig méadú eile, áfach, ar líon na láithreán foirgníochta ar theastaigh toirmeasc comhaontaithe ina leith de bharr drochchaighdeán ar an iomlán, le 14 bheart dá leithéid. Reáchtáladh dhá fheachtas foirgníochta sheachtain amháin i 2010. I mí an Mheithimh, rinneadh measúnacht ar chomhlíonadh na ceanglais a bhaineann le gléasra agus le hinnealra. Léiríodh ráta comhlíonta ard go leor sna torthaí: mar shampla, na leibhéil comhlíonta a bhaineann le hoibriú gléasra ag duine inniúil 97%; líon na ndaoine a raibh Scéim Deimhniúcháin Scileanna Foirgníochta (CSCS) ábhartha acu 96%; gléasra a bhí i ndea-ord 88%; agus oibreoirí a raibh PAS SÁBHÁILTE acu 93%.

Tháinig laghdú suntasach ar an leibhéal gníomhaíochta in earnáil na **mianach agus na gcairéal** le dhá bhliain anuas agus tháinig laghdú ar leibhéil na gcigireachtaí dá bhrí sin. Ar an iomlán, léiríodh sna sonraí cigireachta ó 2010 go raibh ardleibhéil feasachta agus comhlíonta ann maidir le ceanglais na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Cairéil) 2008 agus ba iad seo a leanas na rátaí comhlíonta: ceapacháin ábhartha déanta 78%; nósanna imeachta oibriúcháin scríofa ar fáil: rialacha scríofa maidir le séideadh pléascáin ar fáil. Rinneadh beart forfheidhmithe i 31% de chigireachtaí. Ní dhearnadh beart maidir leis an ráiteas sábháilteachta ach amháin i 15% de chigireachtaí. Cuireadh feachtas sábháilteachta maidir le mianaigh agus cairéil i gcrích i mí Dheireadh Fómhair.

I gcoitinne, tugadh na leibhéil chéanna comhlíonta maidir le bainistíocht sláinte agus sábháilteachta faoi deara in earnáil na **déantúsaíochta** is a tugadh faoi deara i 2009, cé gur tháinig méadú ar chéatadán na n-ionad oibre ina raibh ráiteas sábháilteachta ar fáil (91% i gcomórtas le 84% i 2009). Tugadh aird arís eile ar chosaint innealra agus ar úsáid forcardaitheoirí, agus tugadh faoi deara go raibh cosaint easnamhach ar 20% den innealra a ndearnadh iniúchadh air.

Léirigh fostóirí i 76% de chigireachtaí san earnáil **mhórdhíola agus mhiondíola** go raibh ráiteas sábháilteachta ullmhaithe acu, ach ní raibh ach 65%

de na fostóirí sin ábalta é a thaispeáint. Léirigh seachtó is a trí faoin gcéad d'fhostóirí san earnáil go raibh a fhios acu gur gá timpistí infhógartha a thuairisciú. Ina theannta sin, bhí a bhfreagrachtaí ar eolas ag 80% de na bainisteoirí, méadú suntasach ar an 40% a taifeadadh i 2009. Bhí sé riachtanach i 50% de chigireachtaí, bearta forfheidhmithe a dhéanamh maidir leis na córais um bainistíocht sábháilteachta san earnáil sin.

Lean an tÚdarás lena chlár cigireachta san earnáil **oideachais**, ar cuireadh tús leis i 2009. Rinneadh 359 cigireacht ar an iomlán (i gcomórtas le 269 i 2009), ar a n-áiríodh bunscoileanna agus meánscoileanna. Agus aird níos mó á tabhairt ar an earnáil sin, seoladh treoirlínte chomh maith maidir le bainistíocht sláinte agus sábháilteachta i scoileanna dara leibhéal i mí Dheireadh Fómhair 2010. Déanfar measúnacht ar leibhéil úsáide na dtreoirlínte sin mar chuid den chlár 2011 san earnáil seo.

Méadaíodh an leibhéal cigireachta san earnáil **cúram sláinte** chun tacú le plean cúig bliana an Údaráis don earnáil sin. Bhí ráitis sábháilteachta ann agus fáil orthu i 90% de na hionaid oibre ar a ndearnadh cigireacht. Taispeánadh trí mheasúnachtaí gur aithníodh priacail ábhartha i 76% de ráitis sábháilteachta, agus go raibh rialúcháin curtha i bhfeidhm i 79% díobh. Bhí sé riachtanach beart forfheidhmithe a dhéanamh i 43% de chigireachtaí.

San earnáil **riaracháin phoiblí**, comhlíonadh an ceanglas, maidir leis an ngá le ráiteas sábháilteachta, sa chuid is mó de chásanna (92%) agus níorbh fholáir do chigirí beart forfheidhmithe a dhéanamh i 26% de na cigireachtaí sin.

I gcomhlíonadh lenár n-aidhm straitéiseach aird níos mó a thabhairt ar an **tsláinte cheirde** i rith cigireachtaí, bhain breis is 30% de na hábhair ar a ndíríodh i rith na gcigireachtaí sin leis an tsláinte. Áiríodh orthu sin aispeist, oibreáin bhitheolaíocha, bulaíocht, carcanaiginí, ceimiceáin, trealamh scáileán taispeána (TST), láimhsiú, socruithe toirchis agus iarbhreithe, radón, REACH agus strus. Chomh maith leis sin, rinneadh daichead a seacht cigireacht speisialta monatóireachta ar réimsí difriúla, mar shampla torann, creathadh, monatóireacht an aeir i gcomhair nochtadh don deannach iomlán in-ion-análaithe (plúr) agus seiceáil ar éifeachtúlacht na gcóras eastarraingthe. Rinneadh measúnacht ar fud na n-earnálacha ar fad ar leibhéil an chomhlíonta maidir le **láimhsiú**. Ba iad na leibhéil comhlíonta a tugadh faoi deara maidir le measúnacht priacail scríofa a bheith ann do thascanna ar leith, le bearta rialaithe cuí agus le clár oiliúna maidir le láimhsiú ná 67%, 69% agus 81% faoi seach. Rinneadh measúnacht ar 1049 ionad oibre faoi conas a dhéanann fostóirí an **bhulaíocht** san ionad oibre a mheas agus conas a chuirtear na rialuithe cuí i bhfeidhm i gcomhlíonadh leis an gCód Cleachtais. Fuarthas go raibh taifid scríofa maidir le bulaíocht ag fostóirí i 33% de na hionaid oibre a ndearnadh cigireacht orthu. Fuarthas gur éirigh le níos mó ná 80% d'fhostóirí ceanglais an Chóid Chleachtais a chomhlíonadh. Ar an iomlán, i rith na tréimhse sin, tugadh cuairt a bhain le **haispeist** ar 228 láithreán agus rinneadh athbhreithniú ar 165 fógra aispeiste. Leanadh i 2010 le hathbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin sábháilteachta agus sláinte a bhí á gcur i bhfeidhm ag anailísithe aispeiste. Tugadh chun eolais san athbhreithniú nach mbíonn na caighdeáin mar an gcéanna, agus úsáideadh na saincheisteanna a aithníodh mar bhunús do leasuithe ar na rialacháin agus ar an gCód Cleachtais a forbraíodh sa réimse sin. Rinneadh 113 cigireacht maidir le **hoibreáin bhitheolaíocha** i 2010, agus cuireadh tús le sraith cigireachtaí leantacha ar áiseanna speisialaithe ina n-úsáidtear na hoibreáin sin d'aonghnó.

Leanadh le haird níos mó a thabhairt ar réimse na **gceimiceán** nuair a cuireadh 1425 cigireacht agus 95 imscrúdú i gcrích, ar a n-áirítear 1232 cigireacht REACH shonrach (rinneadh an chuid is mó díobh sin in earnálacha na déantúsaíochta, an mhórdhíola agus mhiondíola agus na foirgníochta). Thug torthaí na gcigireachtaí sin ar fheasacht faoi REACH le tuiscint gur aithin 92% díobh siúd ar tugadh cuairt orthu iad féin mar úsáideoirí iartheachtacha agus mar sin bhí siad díolmhaithe ón bpróiseas cláraithe ceimiceáin. Tugadh comhairle shonrach do chuideachtaí maidir le cáilíocht na sonraí sábháilteachta a bhí ar fáil i 96% de na cigireachtaí sin agus eisíodh comhairle ar shaincheisteanna maidir le lipéadú guaiseacha i 45% de na cigireachtaí. Bhí easpa feasachta ann maidir leis na rialacháin nua maidir le hAicmiú, le Lipéadú agus le Pacáistiú (CLP) agus é ar eolas ag 1% amháin díobh ar tugadh cuairt orthu go bhfuil de cheangal

orthu tuairisciú a dhéanamh faoi na rialacháin sin, fíoras a léiríonn gur gá beart a dhéanamh fós sa réimse sin. Chomh maith leis sin, ghlac an tÚdarás páirt sa Tionscadal Feachtais ag an AE agus ag Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair (SLIC) ar Úsáid Substaintí Contúirteacha, a bhí dírithe go háirithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) in earnálacha an deisiú mótarfheithiclí agus tirimghlanta.

Rinneadh 1,685 ionad oibre a mheas ar an iomlán ó thaobh a gcur chuige maidir le **sleamhnú, tuislí agus titimí**. Dhírigh 80% de na hionaid oibre sin ar an tsaincheist ina measúnachtaí priacail. Nuair a bhí coisbheart in aghaidh sleamhnú ag teastáil, cuireadh an coisbheart cuí ar fáil agus bhí sé in úsáid i 90% de chásanna. Bhí nócha is a trí faoin gcéad d'fhostóirí ábalta a thaispeáint go raibh réamhchúraimí leordhóthanacha glactha acu i gcomhair doirtí.

Rinneadh measúnacht ar **iompar feithicle san ionad oibre** a bheith ar áireamh i gcórais um bainistíocht sláinte agus sábháilteachta ag an ionad oibre, i 1494 cigireacht. Bhí iompar feithicle san ionad oibre ar áireamh i 79% de ráitis sábháilteachta agus tugadh córais um bainistíocht tráchta faoi deara i 80% de chigireachtaí ábhartha.

Lean an tÚdarás lena chuid tionscnaimh 2009 a bhí dírithe ar **fhostóirí il-láithreáin**. Mar chuid den chur chuige lena ghlactar, téitear i dteagmháil i dtús báire leis an lucht ardbhainistíochta ar leibhéal corparáideach agus ansin déantar sraith cigireachtaí ar shuíomhanna oibre éagsúla. Déantar comhchuibhneas idir na torthaí agus an cur chuige corparáideach atá molta agus cuirtear na torthaí in iúl do bhainisteoirí sinsearacha. Cuireadh cúig thionscadal dá leithéid i gcrích agus fuarthas gealltanais chorparáideacha do na feabhsúcháin ar fad a bheadh riachtanach. Ina theannta sin, glacadh an cur chuige sin i gcás dhá thionscnamh earnála i réimse an oideachais thríú leibhéil agus na teileachumarsáide.

I gcomhlíonadh le ról an Údaráis Inniúil maidir le **hiompar agus stóráil substaintí contúirteacha**, rinneadh 1360 cigireacht ar a n-áirítear cigireachtaí ar 731 feithicil earraí contúirteacha, 193 iosta agus 180 stór miondíola agus príobháideach peitriliam. Ina theannta sin, tugadh aird níos mó ar fheithiclí gan mharcáil (256 cigireacht) chun a chinntiú nach raibh earraí contúirteacha á n-iompar iontu. Cuireadh tuairisc ar fhorfheidhmiú comhordaithe corrsheiceálacha le linn 2009 faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh, arna éileamh le Treoir 95/50/CE ón gComhairle.



# Gníomhartha i 2010 – Clár Seirbhísí Coisacthe

Lean an Rannóg Seirbhísí Coiscthe lenár gcuid oibre ar threoir polasaí agus theicniúil, ar fhorbairt reachtaíochta (ar a n-áirítear cóid chleachtais) agus ar fheachtais um chur chun cinn agus múscailt feasachta. D'oibríomar i ngach earnáil agus ar na príomhghuaiseacha ar fad. Chomh maith leis sin, chuireamar clár mór gníomhaíochtaí i gcrích a mbíonn tionchar náisiúnta acu, mar shampla, sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn i measc mac léinn sa chóras oideachais, tosaíochtaí sláinte ceirde a bhainistiú sna hionaid oibre ar fad agus an tsábháilteacht feithiclí a bhaineann le hobair, rud a mbíonn tionchar aige ar fhormhór na n-ionad oibre.

Is dócha gurbh í an ghné ba thábhachtaí de 2010 ná an obair forbartha a rinneadh ar an tionscnamh **Taking Care of Business**, chun díriú ar riachtanais gnólachtaí, go háirithe gnólachtaí beaga. Rinneadh é sin i gcomhlíonadh le Sprioc A den Straitéis 2010–2012 againn, “Cur ar chumas na bhfostóirí, na bhfostaithe agus lucht dualgais eile na priacail i leith na sábháilteachta, na sláinte agus an leasa a laghdú”. Rinne an tÚdarás measúnacht ar dtús, mar chuid den tionscnamh, ar na riachtanais a léirigh gnólachtaí beaga nuair a chuathas i gcomhairle leo. Mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin sin, rinneamar leasú agus leathnú ar an tslí ina n-imoibrímid le gnólachtaí beaga chun timpistí agus drochshláinte ina gcuid ionad oibre a chosc. Tugadh spreagadh dúinn a bhuíochas le himní na ngnólachtaí maidir lena gcuid fostaithe a chosaint ar ghortú. Thugamar faoi deara chomh maith, áfach, go dteastaíonn ó na gnólachtaí sin go mbeadh na modhanna a úsáidtear chun é sin a dhéanamh níos simplí, agus go mbeadh sé níos éasca na modhanna sin a rochtain. Cuireadh tús le céim a haon de "Taking Care of Business" i 2010. Sa dara leath de 2010, bunaíodh an tionscnamh seo ar fud na heagraíochta agus ainmníodh foireann ilréimsiúil tionscadail. Cuireadh an phleanáil agus an sceidealú i gcrích, forbraíodh ábhar an tionscadail, agus réitíodh an bealach chun an tionscnamh a sheoladh i dtús na bliana 2011, ar a n-áireofar mórthaispeántas idirghníomhach ag an Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath ina ndíreofar ar ghnólachtaí beaga agus ar a gcuid fostaithe. Mar chuid den obair forbartha, rinneadh obair bhreise ar uirlis nua ar líne um measúnacht priacail do ghnólachtaí agus ar shraith ábhar a dhéanann níos éasca dóibh cloí lena ndualgais aire thábhachtach a thabhairt dá bhfostaithe agus a chinntiú go gcosnaítear a “mbunlíne” ar na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le timpiste san ionad oibre. Táimid ag tnúth le tús a chur le céim a dó den tseirbhís seo i 2011.

## Achoimre ar an gClár Polasaí

Tháinig méadú mór ar an tacaíocht polasaí i gcomhair na **talmhaíochta** i 2010. Cé go raibh an-éileamh ann i gcónaí san earnáil seo i gcomhair tionscnamh coisctheach, bhíomar sásta go raibh fuinneamh orainn an bhainistíocht sábháilteachta ar an bhfeirm a fheabhsú, faoi threoir ár nAire, Dara Calleary, TD. Tharla sé seo mar gheall ar ráta básanna thar a bheith ard i 2010. D'ainneoin thorthaí tragóideacha na hearnála, bhí níos mó muiníne againn i ndeireadh na bliana, tar éis do na príomhpháirtithe leasmhara sa chomhphobal feirmeoireachta gealltanas a thabhairt go nglacfadh siad páirt níos mó sa phróiseas agus beart a iarraidh chun líon na mbásanna agus na dtimpistí a laghdú. Leanfar leis an gcur chuige sin i 2011 agus cuirfear leis na tacaíochtaí atá i bhfeidhm cheana, ar an n-áirítear an uirlis ar líne um measúnacht priacail, a seoladh i 2010 chomh maith. Oibreoidh an fhoireann thiomnaithe cigireachta feirme agus an tAonad Polasaí Talmhaíochta as lámha a chéile chun an dul chun cinn atá riachtanach a bhaint amach san earnáil sin.

Tháinig athrú mór ar earnáil na **foirgníochta** le trí bliana anuas, le laghdú mór ar líon na ndaoine a bhí fostaithe. Is earnáil ghuaiseach fós í, áfach. Chonaiceamar méadú chomh maith ar an obair a bhí ar siúl ag conraitheoirí an-bheaga a théann i mbun oibreacha deisiúcháin, cothabhála agus feabhsúcháin agus ar líon na dtimpistí san earnáil sin. Bhíomar sásta páirt ghníomhach a ghlacadh sa Chomhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta chun an paca SMP20 a fhorbairt – tionscnamh coisctheach ina ndírítear ar na conraitheoirí beaga sin. Ina

theannta sin, tugadh cúnamh don earnáil ag foilseacháin éagsúla, ó chóid chleachtais go foláirimh faisnéise don phobal.

Rinneadh an-dul chun cinn maidir le dhá chlár sa chéad bhliain iomlán dóibh, cláir a bhí ina n-ábhar do phleananna cúig bliana le déanaí. Bhain na cláir leis an earnáil **cúram sláinte** agus leis an **tsábháilteacht feithiclí a bhaineann le hobair**. Bhí sé leagtha amach san dá phlean sin comhpháirtíochtaí a bhunú chun an obair a chur ar aghaidh. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Teicniúil don Chúram Sláinte. I réimse na sábháilteachta feithiclí a bhaineann le hobair, bunaíodh grúpa comhairleach chun gníomhú i ndáil chomhairleach don ghrúpa stiúrtha, a chuimsíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, an Garda Síochána agus an tÚdarás.

I 2010, rinneadh an-dul chun cinn maidir le **sláinte cheirde** a thabhairt isteach i ngnólachtaí beaga a bhuíochas le sraith straitéise chairdiúil agus sé sheimineár réigiúnacha. Mar thoradh ar na leasuithe deireanacha ar an gcóras oiliúna um láimhsiú, foilsíodh caighdeáin nua FETAC Leibhéal 6 i gcomhair an láimhsithe agus láimhsiú na ndaoine. Is í an chúis is mó fós le líon na dtimpistí agus na laethanta caillte ná an ghuais seo, agus tá sé mar phríomhsprioc againn sa Straitéis 2010-2012 timpistí dá leithéid a laghdú. Rinneadh dul chun cinn i réimse na meabhairshláinte ag an obair, ar a n-áiríodh treoir athcheartaithe ar an strus a bhaineann le hobair. Cuireadh tús freisin le noirm Éireannacha a fhorbairt i gcomhair na huirlise "Work Positive" atá ann cheana féin.

Lean an Rialtas lena chlár oibre i 2010 chun an **t-ualach riaracháin** ar ghnólachtaí a laghdú agus



d'oibrigh an tÚdarás, faoi threoir na Seirbhísí Coiscthe, agus ár máthairchomhlacht, an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, as lámha a chéile chun dualgais faisnéise na ngnólachtaí a mheas, go mb'fhéidir go ndéanfaí athcheartú nó simpliú orthu. Cuireann an obair sin le clár oibre an Údaráis féin an so-chomhlíonadh a fheabhsú.


Dhéileáil ár **nAonad Teagmhála Ionad Oibre** (ATIO) le 30,000 teagmháil – glaonna teileafóin ar lorg faisnéise nó gearáin faoi shláinte agus sábháilteacht san ionad oibre ag láithreáin shonracha ab ea an chuid is mó díobh sin. Choinnigh an tAonad sin a chreidiúnú ón Lárionad Teagmhála Custaiméirí (LTC) agus lean sé de bheith ina phríomhacmhainn d'fhostóirí agus d'fhostaithe araon. Ina theannta sin, íoslódáladh beagnach 400,000 foilseachán ónár suíomh Gréasáin. Leanamar chomh maith le himoibriú luachmhar leis na meáin agus shroicheamar lucht éisteachta mór trí phríomhtheachtaireachtaí dóibh siúd a mbíonn tionchar acu ar an tsábháilteacht agus sláinte san ionad oibre.

Leanamar lenár straitéis chun tionchar a imirt ar **oibrithe na todhchaí** agus chun iad a ullmhú trí thionscnaimh spreagúla oideachais a chur ar fáil do scoileanna agus do dhaltaí ar gach leibhéal. In éineacht le comhlachtaí eile áitiúla agus náisiúnta, reáchtálamar agus chuireamar sé ócáid Fan Slán ar siúl – leathlá idirghníomhach sábháilteachta do leanaí bunscoile in áiteanna difriúla timpeall na tíre. D'eagraíomar comórtas do mhic léinn deartha tríú leibhéil, tionscnamh a chruthaigh Coiste Comhairleach Foirgníochta an Údaráis. I 2010, seoladh cúig chlár ríomhfhoghlama a bhí á bhforbairt, a bheidh ina ndea-uirlis foghlama do mhic léinn agus do mhúinteoirí araon. Leanadh le tionscnaimh mar Roghnaigh an tSábháilteacht agus aonad na nIdirbhliana. Tugadh tacaíocht chomh maith d'fhostóirí na hearnála nuair a foilsíodh Treoir maidir le Bainistiú Sábháilteachta agus Sláinte in Iar-Bhunscoileanna, a thig as an obair a rinne grúpa stiúrtha ar a raibh ionadaithe ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ón nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, ón Tionscnaimh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile agus ón Údarás. Cuireadh an treoir sin chun cinn go forleathan sa ráithe dheireanach de 2010.

Rinne an Rannóg bainistíocht ar leibhéal méadaithe de pholasaí frithghníomhach agus d'obair theicniúil mar fhreagra ar na priacail a tháinig chun cinn i rith 2010. Mar shampla, ghlac ár nAonad **Innealtóireachta** páirt i ngníomhaíochtaí a chomhordú chun aird bhreise a thabhairt ar chur i bhfeidhm na rialachán AE maidir le Faireachán Margaidh. Cuireadh treoir suímh Ghréasáin agus foláirimh áirithe chun cinn agus tugadh amach go dtí na hionaid oibre iad. Tugadh cúnamh teicniúil d'fhoirne cigireachta allamuigh, mar shampla, trí shábháilteacht na n-inneall tiomána cuaille a fheabhsú. Eisíodh foláireamh sábháilteachta chun cur in aghaidh cheannach agus úsáid fheistis chontúirteacha i gcomhair ciumhaisirí tromshaothair. Chabhraíomar chomh maith leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann chun caighdeáin a fhorbairt agus a athcheartú i gcomhair trealamh ardaithe.

Cuireadh an **clár reachtaíochta** i gcrích ar an spriocuair, agus rinneadh mórchuid de na míreanna a achtú ag an Aire. Tá liosta iomlán de na míreanna reachtaíochta sa chlár leagtha amach in Aguisín C. Rinneadh cuíchóiriú breise ar an bpróiseas forbartha reachtaíochta le cabhair ó Fhochoiste an Bhoird le haghaidh Reachtaíochta agus Treorach. Leanadh leis an gcomhairliúchán de réir na struchtúir a bhfuil comhaontú déanta ina leith, i gcomhair gach togra reachtaíochta nua agus cód cleachtais gaolmhar.

Go hachomair, thaispeánamar sa Rannóg Seirbhísí Coiscthe go rabhamar toilteanach éisteacht le riachtanais na gcustaiméirí – fostóirí agus fostaithe araon – agus freagairt do na riachtanais sin agus tacaíochtaí praiticiúla a thabhairt dóibh a thug spreagadh dóibh agus a chabhraigh leo. Leanamar de bheith ina Rannóg ar chabhraigh an comhar lena cuid oibre agus ina dtéann a leithéid de chomhpháirtíochtaí chun sochar na dtorthaí.



# Gníomhartha i 2010 – Clár Polasaí agus Seirbhísí Ceimiceán

Ghlac an Rannóg Polasaí agus Seirbhísí Ceimiceán (PSC) páirt i roinnt forbairtí iomlán nua i 2010. An chéad spriocdháta clárúcháin REACH do shubstaintí lena mbaineann mórchúram agus do shubstaintí de bhreis is 1000 tona in aghaidh na bliana; an chéad spriocdháta fógraithe CLP (Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú); na chéad sheimineáir Ghréasáin a thionóil an tÚdarás chun tacú lenár gclár oibre um nua-chóiriú; an chéad thuarascáil bhliantúil faoin Acht Ceimiceán, 2008; an chéad thuairisc ag na Ballstáit ó bunaíodh REACH (Airteagal 117); agus an comhaontú ar chéad liosta na substaintí atá faoi réir an Údaraithe faoi Aguisín XIV. Rinneamar ár bpríomhról ceimiceán ar bhonn náisiúnta a dhaingniú trí chomhairle theicniúil, polasaí agus reachtaíochta a sholáthar in Éirinn agus san AE. Leanamar chomh maith le seirbhís do chustaiméirí nuálach agus ardchaighdeáin a sholáthar ar fud réimse éagsúil reachtaíochta as a bhfuilimid freagrach, in earnálacha na gceimiceán, an iompair agus na n-oibreán bitheolaíoch.

I 2010 chomh maith, leathnaíodh an Rannóg PSC chun tabhairt faoi chláir bhreise ceimiceán nó cláir a bhain le ceimiceáin, mar shampla, na Rialacháin COMAH (Seveso II), an t-iompar ADR, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le hAirm Ceimiceacha, substaintí contúirteacha, córacha amach ón gcósta agus brúthrealamh iniompartha. Leis an réimse méadaithe freagrachtaí sin, bhíomar ábalta éifeachtúlachtaí agus nósanna imeachta a thabhairt isteach a chuir ar ár gcumas seirbhís do chustaiméirí agus Údarás Inniúil níos láidre a sholáthar ar fud gach gné den déantóireacht, soláthar, úsáid agus iompar ceimiceán. Chuireamar 194 cigireacht sonrach COMAH (Mórghuais Timpiste) i gcrích, chomh maith le 239 cigireacht REACH–CLP agus phróiseálamar 248 iarratas ar chomhairle maidir le pleanáil úsáide talún.

I 2010, dhíríomar mar chuid dár ngníomhaíochtaí sna réimsí REACH agus CLP ar thionscal na hÉireann a ullmhú i gcomhair spriocdhátaí i mí na Samhna agus i mí na Nollag faoi seach. Chuige sin, rinneamar an-chuid oibre ar **mhúscailt feasachta agus eolais**, maidir le dualgais agus oibleagáidí cuideachtaí, trí sheimineáir, deasca cabhracha (465 fiosrúchán REACH agus 228 fiosrúchán CLP agus Glantach), ríomhfheasacháin, postfheachtais dhíreacha agus leathanaigh Gréasáin achomair agus ábhartha. Faoi dheireadh na spriocdhátaí, bhí timpeall is 24,675 sainchomhad clárúcháin a chlúdaigh 3,400 substaint faighte ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA), chomh maith le 3.1 mhilliún fógra CLP a chlúdaigh breis is 107,067 substaint. Tugann staitisticí tosaigh le tuiscint gur chuir páirtithe leasmhara ó Éirinn 227 sainchomhad agus 89,445 fógra isteach. I rith na bliana, bhí na leathanaigh ceimiceán agus REACH ar shuíomh Gréasáin an Údaráis i measc na 10 leathanach is mó, i gcónaí, ar tugadh cuairt orthu ag custaiméirí.

Chuireamar leis an **gclár náisiúnta reachtaíochta**, in éineacht lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, faoinar tugadh isteach an tAcht Ceimiceán (Leasú) 2010, na Rialacháin Aispeiste (Leasú) 2010 agus na Rialachán um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar 2010 chun an comhaontú ADR 2009 a thrasuí. San Eoraip, chuireamar le critéir a thabhairt isteach chun substaintí seasmhacha, bithcharntha agus tocsaineacha (SBT) agus substaintí an-seasmhacha agus an-bhithcharntha (aSaB) a aithint (Iarscríbhinn XIII); tugadh isteach an chéad liosta de shubstaintí faoi réir údarú (Iarscríbhinn XIV) agus srianta (Iarscríbhinn XVII). Chuireamar leis an dara athchóiriú de Rialachán CLP chomh maith. Tá sonraí breise le fáil faoinár ról treorach mar Údarás Inniúil faoin Acht Ceimiceán sa tuairisc bhliantúil ar an Acht a sholáthraítear in aguisín G den tuarascáil seo.

San **Eoraip**, ghlacamar páirt ghníomhach i ngrúpaí oibre agus i gcoistí an Choimisiúin agus an ECHA mar chuid den obair polasaí REACH agus CLP a bhí ar siúl againn. Ghlacamar páirt sna

coistí agus sna grúpaí oibre sin amháin go raibh dualgas reachtach orainn páirt a ghlacadh iontu nó nuair a comhlíonadh riachtanas straitéiseach nó gnó. Mar Phríomhúdarás Inniúil na hÉireann, ghlacamar páirt i gcomhairliúcháin iomadúla páirtithe leasmhara ar shriantograí (9); chuireamar aithne ar shubstaintí lena mbaineann cúram an-mhór (SCAM, 19); thugamar moltaí maidir le húdarú (7); rinneamar tograí a thástáil (7) agus rinneamar tograí maidir le haicmiú agus le lipéadú a chomhchuibhiú (15). Thosaíomar ar ullmhúcháin a dhéanamh go hinmheánach chun cabhrú le SCAManna a aithint sa todhchaí agus le measúnacht ar shubstaintí, gníomhaíochtaí a bheidh ina bpríomhghné den chlár oibre 2011 againn. Mar Údarás Náisiúnta Ainmnithe do Rialachán Rotterdam, ghlacamar páirt ghníomhach sa ghrúpa oibre ábhartha de chuid an AE agus chomhlíonamar ár ndualgais agus ár n-oibleagáidí náisiúnta maidir le próiseáil fógraí onnmhairithe agus toilithe follasacha. Tugadh príomhpháipéar polasaithe isteach ag an Údarás i 2010 inar sonraíodh na deacrachtaí a tháinig roimh thionscal agus roimh na húdaráis náisiúnta ainmnithe maidir le cur i bhfeidhm Rialachán Rotterdam.

Choinníomar go gníomhach chomh maith ar an gclár **sláinte ceirde** againn maidir leis an aispeist agus oibreáin cheimiceacha agus bhitheolaíocha tríd an reachtaíocht agus trí threoir-fhoilseacháin, arna tugadh chun deiridh nuair a foilsíodh na Rialacháin Aispeiste (Leasú) i mí na Nollag in éineacht le treoir ar phriacail ísle agus fánacha aispeiste. Cuireadh treoir a bhí ag gabháil leis na Rialacháin i gcrích chomh maith. Foilsíodh an Cód Cleachtais 2010 i gcomhair Rialachán na nOibreán Ceimiceach 2001 i dtús na bliana. Rinneadh dian-iarracht dréacht-rialacháin agus Cód Cleachtais gaolmhar a ullmhú maidir le hoibreáin bhitheolaíocha. Táthar ag súil leis go gcríochnófar an obair sin i 2011. Reáchtálamar agus chuireamar oiliúint oibreán bitheolaíoch i gcrích i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta chun an t-eolas is déanaí a sholáthar dár gcigirí faoi seach maidir le teicnící éifeachtacha monatóireachta agus forfheidhmithe.

Leanamar le béim a chur ar **sheirbhís do chustaiméirí** i 2010 trínár ngníomhaíochtaí difriúla go léir a bhain lenár ndeasc chabhrach (922 fiosrúchán), an tIdirlíon, ríomhfheasacháin, coir poist díreacha agus seimineáir. Chomh maith leis sin, sholáthraíomar réimse bileog faisnéise simplí agus achomair agus póstaeir, ó chomhairle ADR do thiománaithe agus an bhainistíocht ceimiceán don earnáil mótarfheithiclí go ceanglais CLP agus bileoga sonraí sábháilteachta. Ceapadh iad sin go léir chun a bheith gearr, fócasaithe agus dathchódaithe chun dul i muinín go héasca leo. Ina theannta sin, rinneamar sraith straitéisí ceimiceán dírithe ar ghnó a tháirgeadh, chun cabhrú le gnólachtaí beaga guaiseacha agus priacail ó cheimiceáin, a d'fhéadfadh a bheith in úsáid san ionad oibre, a aithint agus chun díriú orthu sin. Foilseofar an tsraith straitéisí sin i 2011 agus creidimid gur féidir léi cabhrú go mór le gnólachtaí, gan bacadh lena méid, an sprioc a chomhlíonadh a bhaineann le húsáid shábháilte agus inbhuanaithe ceimiceán.


Leanaimid de bheith **nuálach** agus ár seirbhísí á soláthar agus á gcur i gcrích againn. I 2010, reáchtálamar na chéad sheimineáir Ghréasáin a



thionóil an tÚdarás agus a d'fhreastail rannpháirtithe ó Éirinn, ón Eoraip agus ó na Stáit Aontaithe Mheiriceá orthu. Mar ghealltanas dár gclár oibre um nua-chóiriú, leanfaimid den teicneolaíocht sin a úsáid go hinmheánach agus go seachtrach chun éifeachtúlachtaí a chur chun cinn, chun costais a laghdú agus chun a dhéanamh níos éasca do ghnólachtaí dul i dteagmháil linn. Chuireamar leis an bhforbairt teicneolaíochta agus leis an nuálaíocht in Éirinn trí pháirt a ghlacadh mar shaineolaí i réimse na nana-ábhar san Eoraip. Cuirfear dlús le dul chun cinn na bhforbairtí polasaí sa réimse sin i 2011 nuair a dhéanfaidh an Coimisiún sainmhíniú ar nana-ábhair a leagadh amach. Leanfaimid lenár gcuid iarrachtaí sa réimse sin chun a chinntiú go ndéanfar cinntí ar bhonn eolaíoch slán agus go bhfuil siad leagtha amach chun an nuálaíocht a chur san áireamh mar atá cumhdaithe i spriocanna REACH.

Creidimid go bhfuil sé riachtanach **comhoibriú lenár bpáirtithe Rialtais** chun an sprioc atá againn maidir le bainistíocht shlán inbhuanaithe na gceimiceán a chur i gcrích. I 2010, sholáthraíomar comhairle theicniúil agus polasaí i réimsí difriúla comhshaoil agus reachtaíochta eile (mar shampla, srianadh ar shubstaintí guaiseacha (RoHS), réamhtheachtaí pléascacha, siopaí siabhráin, dúigh tatú). Cé gur soláthraíodh an chuid is mó den chomhairle sin ar bhonn neamhfhoirmiúil taobh amuigh de na comhaontuithe oibre arna leagan amach, chuireamar roinnt Meabhrán Tuisceana (MT) i bhfeidhm chomh maith i gcomhair leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, leis na Coimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Iascaireachta arbh aidhm leo éifeachtúlachtaí a chuíchóiriú agus a thabhairt isteach maidir le soláthar na seirbhísí faoi seach againn ar REACH agus ar Rialachán Rotterdam.

Mar chríoch, chuir an rannóg ceimiceán seirbhís polasaí agus chomhairle ar fáil arís eile i 2010 a bhí d'ardchaighdeán, nuálach, inrochtana agus dírithe ar chustaiméirí agus táimid ag tnúth le leanúint leis an ról agus an fheidhm sin i 2011.



# Gníomhartha i 2010 – Clár Seirbhísí Corparáideacha

Is í príomhsprioc na Straitéise 2010–2012 don Chlár Seirbhísí Corparáideacha ná Sprioc F - "féachaint chuige go mbeidh an tÚdarás éifeachtach agus é ag cur a chuid spriocanna i gcrích agus go dtabharfaidh sé luach ar airgead".

I rith 2010, cuireadh in iúl don Údarás, cosúil leis an gcuid is mó de chomhlachtaí earnála poiblí, go mbeadh sé riachtanach a chuid foirne agus a bhuiséid a laghdú go mór sa tréimhse go 2014. Chun freagairt i bpáirt don riachtanas sin, dhréachtaigh an tÚdarás plean gníomhaíochta um nua-chóiriú, rinne sé mórchuid airgid a choigilt ó thaobh caiteachais agus rinne sé athbhreithniú ar struchtúir chun freagairt d'athruithe soláthar foirne agus chun na hathruithe sin a réamh-mheas. Tá sé mar aidhm ag an bplean um nua-chóiriú ár solúbthacht a fheabhsú ionas go mbeimid ábalta cur suas le laghduithe ar sholáthar foirne agus an éifeachtúlacht a fheabhsú. Baineann athbhreithniú ar róil agus ar struchtúir leis, chomh maith le húsáid na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) chun an éifeachtúlacht a fheabhsú agus, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (DETI), forbairt ar sheirbhísí comhroinnte.

Chomhlíon an tÚdarás a chuid spriocanna ó thaobh laghdú ar **sholáthar foirne** i 2010 de réir an Chreat Rialaithe Fostaíochta agus bhí ionann agus 185.1 oibrí lánaimseartha aige i ndeireadh 2010, i gcomórtas le leibhéal 197 a bhí ceadaithe roimhe sin.

Dhírigh an tÚdarás ar acmhainní daonna trí oiliúint a sholáthar do na baill foirne a bhí ann cheana féin, i measc nithe eile, chun a gcumas agus a solúbthacht a mhéadú: cuireadh breis is 800 lá oiliúna foirne i gcrích a raibh mar aidhm acu an cumas teicniúil agus bainistíochta araon a mhéadú. Bhí fáil ag an bhfoireann ar sheirbhís sláinte ceirde agus ar sheirbhísí comhairleoireachta nuair a bhí gá leo. Cuireadh polasaí um bainistíocht freastail i bhfeidhm agus cuirtear agallamh anois ar gach duine a bhíonn as láthair sular féidir leis nó léi filleadh ar an obair. Rinneadh suirbhé ar an rannpháirtíocht foirne agus cuireadh tús le gníomhartha leantacha chun an fheidhmíocht i bpríomhréimsí a fheabhsú.

Tá córas um bainistíocht feidhmíochta á fheidhmiú ag an Údarás ina ndéantar feidhmíocht na foirne ar fad a mheas ó am go chéile maidir le comhlíonadh na spriocanna atá leagtha amach ina rólphróifíl. Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmiú an chórais sin i 2010.

Rinneadh gníomh tionscail ar leibhéal náisiúnta i dtús 2010 agus cuireadh moill le roinnt tionscnamh mar gheall ar sin. Tar éis do Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh a bheith curtha i gcrích, áfach, chuaigh an tÚdarás i dteagmháil ar bhealach dearfach le ceardchumainn foirne agus go háirithe maidir le cur i bhfeidhm a phlean um nua-chóiriú.

Cuireadh **seirbhísí TFC** ar fáil chun tacú le hobair na Rannóga sin a bhí ag freastal ar chustaiméirí. I measc na dtionscadal a cuireadh i gcrích, cuireadh feabhas ar an tslándáil chun cur i bhfeidhm na gcóras TF a thacaíonn le REACH a éascú; cuireadh feabhas ar an athshlánú ó thubaiste agus úsáideadh an fhíschomhdháil agus seimineáir Ghréasáin chun costais taistil a laghdú; cuireadh taifeadadh glaonna i gcrích chun an tseirbhís do chustaiméirí ar na línte faisnéise againn a fheabhsú; agus cuireadh feabhsúcháin i bhfeidhm maidir le feidhmiúlacht chóras an Údaráis, a úsáidtear chun sreabhadh oibre a bhaineann le cigireachtaí agus le seirbhísí faisnéise a bhainistiú.

D'fhoilsigh an tÚdarás **faisnéis staitistiúil** mhionsonraithe maidir le gortuithe agus drochshláinte a bhain le hobair, agus úsáidtear an fhaisnéis sin chun cinntí a dhéanamh maidir le leithdháileadh acmhainní agus le forbairt tionscnamh coisctheach, ar a n-áirítear cláir cigireachtaí.

D'fhonn cabhrú le héilimh tuairiscithe timpistí a laghdú, chuir an tÚdarás agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát tús le treoirthionscadal chun an próiseas tuairiscithe timpistí do roinnt comhlachtaí stáit a shimpliú agus a chuíchóiriú.

Ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i measúnacht shocheacnamaíoch na gceimiceán ar leibhéal AE agus d'fhorbair sé measúnachtaí tionchair rialála do na tograí ar fad a bhaineann le forbairt nó athbhreithniú rialachán.

Chuir an tÚdarás ceanglais an **Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit** i bhfeidhm agus cheadaigh sé Cód Rialachais agus Cód Caighdeán agus Iompraíochta. Rinneadh ceithre iniúchadh inmheánacha, ar a n-áirítear iniúchadh amháin a bhain leis an Rialachas Corparáideach. Rinneadh ullmhúcháin i ndeireadh 2010 roimh insealbhú an Bhoird nua, a cheap an tAire Calleary ar 20 Nollaig 2010.

Cuireadh córas nua i bhfeidhm chun tacú le próisis rianú comhad, a chabhróidh le héifeachtúlacht na haisghabhála faisnéise laistigh den Údarás a fheabhsú.



# Tuairiscí Airgeadais

'10

# Tuairiscí Airgeadais agus Cuntais Neamhiniúchta[1]

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann bhaill de Bhord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta glacaim lenár bhfreagracht a chinntiú go gcoinneofar agus go n-oibreofar córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Níl ann ach cinnteacht réasúnta seachas iomlán sa chóras go bhfuil na sócmhainní slán, idirbheartaíochtaí ceadaithe agus cuntas ceart coimeádta orthu agus go n-aithnítear nó go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a aimsiú go pras.

## Nósanna Imeachta Rialaithe Ríthábhachtacha

Tá bearta déanta ag an Údarás le cinntiú go bhfuil caighdeáin chuí rialála i bhfeidhm trí:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú;
- Próiseas a bhunú chun sócmhainní an Údaráis a chosaint;
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar fud gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis curtha ar bun ag an Údarás chun priacail ghnó a aithint agus a mheas trí:

- Cineál, méid agus impleacht airgeadais na bpriacal atá os comhair an Údaráis a shainaithint, ar a n-áirítear méid agus catagóirí an phriacail a mheasann sé a bheith inghlactha;
- Dóchúlacht na bpriacal aitheanta a mheas;
- Measúnacht a dhéanamh ar chumas an Údaráis na priacail a bheidh ann a bhainistiú agus a mhaolú;
- Measúnacht a dhéanamh ar chostais rialaithe ar leith a fheidhmiú i gcomhréir leis an sochar a bhaintear astu;
- Obair go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí éagsúla lena cinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ar spriocanna an Údaráis agus tacaíocht do na straitéisí chun na spriocanna seo a bhaint amach.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin ar a n-áirítear leithscaradh dualgas agus ar chóras tarmligthe agus cuntasachta. Áirítear air seo go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a ndéanann Bord an Údaráis athbhreithniú agus comhaontú air;
- Athbhreithnithe rialta ag an Údarás ar thuairiscí airgeadais tréimhseacha agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhfhaisnéisí;
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;

[1] Chuir an tÚdarás a chuid cuntas neamhiniúchta faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARC&C) mar a fhoráiltear leis an Acht um Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005. Ní raibh obair iniúchta an ARC&C críochnaithe acu faoi uair an fhoilsithe agus tugtar 'neamhiniúchta' mar theideal ar na cuntais dá bharr.

- Treoirlínte ceannaigh agus faofa atá sainmhínithe go soiléir;
- Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag an Údarás, a oibríonn i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit a foilsíodh i mí an Mheithimh 2009. Braitheann obair an iniúchta inmheánaigh ar an anailís a dhéantar ar an bpriacal faoina mbíonn an comhlacht, agus bíonn pleananna iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Formhuiníonn an Coiste Iniúchóireachta an anailís ar an riosca agus ar na pleananna iniúchóra inmheánaigh agus ceadaíonn an tÚdarás iad. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, cuirfidh an tIniúchóir Inmheánach tuairisc faoi bhráid an Údaráis ar ghníomhaíocht iniúchóireachta inmheánaí. Áireofar ar an tuairisc seo tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le cumas agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ar an gCoiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh, ar an gCoiste Feidhmiúcháin laistigh den Údarás a bhfuil freagracht air as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, agus ar na tuairimí a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuairiscí eile.

### Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Déanann Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus ansin cuirtear tuairisc fhoirmiúil faoi bhráid an Bhoird. Tá athbhreithniú foirmiúil déanta ag an mBord ar a rialuithe inmheánacha airgeadais i rith 2010.

Thar ceann an Bhoird.

*Michael Horgan*

Cathaoirleach
Márta 2011

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Ceanglaíonn Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i gcibé foirm a cheadaíonn an tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta tar éis dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ansin go comhsheasmhach;
- Breitheanna a thabhairt agus réamh-mheastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leanúnaigh ach amháin mura mbíonn sé cuí glacadh leis go leanfaidh an tÚdarás de bheith ag feidhmiú;
- Sonrú gur leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon neamhchomhlíonadh ábharthach a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Bíonn an tÚdarás freagrach as leabhair chuntasaíochta cearta a choimeád a nochtann staid airgeadais an Údaráis le cruinneas réasúnta ag aon uair ar leith agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 48(1) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005. Bíonn an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní an Údaráis a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh dá réir chun cosc a chur ar chalaois agus ar mhírialtachtaí eile agus chun teacht orthu más ann dóibh.

*Michael Horgan*
Cathaoirleach

*Des Mahon*
Ball

# Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2010

**1. Bunús na Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh cuntasaíochta fabhraithe agus de réir prionsabal a mbíonn inghlactha go ginearálta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

**2. Sóchmhainní Seasta agus Dímheas**

Luaitear sócmhainní seasta ar a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Déantar caiteachas ar shócmhainní seasta inláimhsithe os cionn €1,000 a chaipitliú.

Déantar costais fhorbartha bogearraí ar chórais mhóra a dhíscríobh thar thréimhse 10 mbliana ón dáta a cuireadh i bhfeidhm iad.

Ríomhtar dímheas ar bhonn líne dírí mar seo a leanas:-

| | |
|---|---|
| Troscán agus Trealamh Oifige | 20% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 33.33% in aghaidh na bliana |
| Trealamh Eolaíochta | 20% in aghaidh na bliana |
| Daingneáin agus Feisteas | 10% in aghaidh na bliana |
| Forbairt Bogearraí | 10% in aghaidh na bliana |

**3. Stoic**

Níl aon ghlanluach inréadaithe ag stoic d'fhoilseacháin ar láimh agus ní fhéachtar orthu mar shócmhainní.

**4. Cuntas Caipitil**

Is éard atá sa chuntas caipitil ná luach neamhamúchta dheontais an Oireachtais a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

**5. Aithint Ioncaim**

Tugann Deontais an Oireachtais, a thaispeántar sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais, léiriú ar an méid a fuarthas ón Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (DETI) le linn na bliana faoi chaibidil.

**6. Airgeadraí Eachtracha**

Cuimsíonn Ioncam agus Caiteachas na bliana idirbhearta a sonraíodh in airgeadraí eachtracha agus a tiontaíodh ina euro ag gnáthrátaí i rith na bliana.

**7. Aoisliúntas**

Oibríonn an tÚdarás scéim pinsean le sochar sainithe neamhchistithe a chistítear go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear as airgead atá ar fáil chuici, ar a n-áirítear airgead a sholáthraíonn an DETI.

Léiríonn costais phinsean na sochair phinsean atá saothraithe ag fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsean foirne a aisíoctar leis an DETI de réir socruithe airgeadais an Údaráis. Aithnítear mar ioncam méid a fhreagraíonn don táille pinsean sa mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála agus fritháirithe ag deontais a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsean a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a éiríonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas um Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón DETI.

Is ionann dliteanais phinsean agus luach reatha íocaíochtaí pinsean sa todhchaí faoi mar atá siad saothraithe ag an bhfoireann go dtí seo. Is ionann an cistiú iarchurtha pinsean agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil ón DETI i dtréimhsí amach anseo.

# Dréacht-Ráitis Airgeadais

**Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2010**

| IONCAM | NÓTAÍ | 2010<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|---|
| Deontais an Oireachtais | 1(a) | 19,984,000 | 22,561,000 |
| Glanchistiú iarchurtha do phinsin | 8(c) | 4,732,000 | 4,915,000 |
| Asbhaintí fostaithe inaisíoctha le DETI | | (700,000) | (875,144) |
| Ioncam Eile | 1(b) | 298,882 | 354,094 |
| Fo-iomlán | | 24,314,882 | 26,954,950 |
| Aistriú ó chuntas caipitil | 2 | 276,195 | 423,216 |
| | | 24,591,077 | 27,378,166 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Costais Tuarastal | 3 | 11,769,504 | 12,917,570 |
| Costais Phinsean | 8(a) | 4,997,000 | 5,124,856 |
| Costais Riaracháin Eile | 5 | 7,587,451 | 8,478,607 |
| | | 24,353,955 | 26,521,033 |
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | | 237,122 | 857,133 |
| **MÍREANNA EISCEACHTÚLA** | | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní | | (40,826) | |
| Barrachas iomlán don bhliain | | 196,296 | |
| Barrachas/(Easnamh) Carntha ar 1 Eanáir | | 723,766 | (133,367) |
| (Easnamh)/Barrachas Carntha ar 31 Nollaig | | 920,062 | 723,766 |

Baineann na torthaí don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

**Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2010**

| | NÓTAÍ | 2010<br>€ | 2010<br>€ | 2009<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| Barrachas don bhliain airgeadais | | | 196,296 | | 857,133 |
| | | | | | |
| Athruithe sna toimhdí achtúireacha atá faoi bhun an luacha reatha de dhliteanais scéime | | (5,432,000) | (895,000) | | |
| (Gnóthachain)/Caillteanais ó thaithíar dhliteanais scéime pinsean | 8(d) | (7,867,000) | | (720,000) | |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsean | | | (13,299,000) | | (1,615,000) |
| Coigeartú ar chistiú Pinsean Iarchurtha | | | 13,299,000 | | 1,615,000 |
| Gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain | | | 196,296 | | 857,133 |

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

## Clár Comhardaithe ar 31 Nollaig 2010

| | NÓTAÍ | 2010 € | 2010 € | 2009 € | 2009 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | 6 | | 577,996 | | 854,192 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 7 | 890,385 | | 1,006,913 | |
| Iarmhéideanna bainc agus airgid | | 545,719 | | 162,167 | |
| | | 1,436,104 | | 1,169,080 | |
| | | | | | |
| **CREIDIÚNAITHE (dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | | | |
| Creidiúnaithe | 8 | 516,042 | | 445,314 | |
| | | 516,042 | | 445,314 | |
| Glansócmhainní/(Glandliteanais) reatha | | | 920,062 | | 723,766 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ ROIMH PHINSIN** | | | 1,498,058 | | 1,577,958 |
| Cistiú pinsean iarchurtha | 9(b) | | 44,333,000 | | 52,900,000 |
| Dliteanais Pinsean | 9(b) | | (44,333,000) | | (52,900,000) |
| **GlANSÓCMHAINNÍ** | | | 1,498,058 | | 1,577,958 |
| **Á IONANNÚ AG:** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 2 | | 577,996 | | 854,192 |
| Barrachas/(Easnamh) Carntha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 920,062 | | 723,766 |
| | | | 1,498,058 | | 1,577,958 |

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

## Ráiteas Sreabhadh Airgid ar 31 Nollaig 2010

| BARRACHAS/(EASNAMH) OIBRIÚCHÁIN A RÉITEACH LE GLAN-INSREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN | 2010 € | 2009 € |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | 237,122 | 857,133 |
| Gluaiseacht ar Chuntas Caipitil | (276,195) | (419,459) |
| Dímheas | 347,988 | 515,355 |
| (Méadú)/laghdú ar Fhéichiúnaithe | 116,528 | (269,721) |
| Méadú/(laghdú) ar Chreidiúnaithe | 70,727 | (485,372) |
| | | |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin | 496,170 | 197,936 |
| **Ráiteas Sreabhadh Airgid** | | |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin** | 496,170 | 197,936 |
| **Caiteachas Caipitiúil** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta a fháil | (112,618) | (92,138) |
| **Méadú ar Airgead Tirim** | 383,552 | 105,798 |
| **Glansreabhadh airgid a réiteach le gluaiseacht i nGlanchistí** | | |
| Méadú ar airgead tirim sa bhliain | 383,552 | 105,798 |
| Glanchistí ar 1 Eanáir | 162,167 | 56,369 |
| Glanchistí ar 31 Nollaig | 545,719 | 162,167 |
| **Anailís ar Athrú ar ghlanchistí** | **Airgead sa Bhanc agus ar láimh €** | **Iomlán €** |
| Ag tús na bliana | 162,167 | 162,167 |
| Sreabhadh Airgid | 383,552 | 383,519 |
| Ag deireadh na bliana | 545,719 | 545,719 |

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 12 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

HEALTH AND SAFETY AUTHORITY

| Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 | | | |
|---|---|---|---|
| **1(a).Deontais an Oireachtais** | | **2010 €** | **2009 €** |
| | | 19,984,000 | 22,561,000 |
| | | | |
| **1(b) Ioncam Eile** | | **2010 €** | **2009 €** |
| Deontas AE | | - | - |
| Ioncam a bhaineann le Cúrsa Oiliúna Tiománaithe | | 69,630 | 38,315 |
| Táillí Próiseála | | 44,882 | - |
| Fíneálacha – ADR (iompar earraí contúirteacha de bhóthar) | | 11,400 | 19,890 |
| Díol Fhoilseacháin an Údaráis | | 45,063 | 81,515 |
| Ilghnéitheach (speansais seimineár, dlí, finné) | | 127,907 | 214,374 |
| | | 298,882 | 354,094 |
| **2. Cuntas Caipitil** | | **2010 €** | **2009 €** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | | 854,192 | 1,273,651 |
| | | | |
| Iomlán na ndeontas a cuireadh chun feidhme chun Sócmhainní Seasta a cheannach | 112,618 | | |
| Amúchadh de réir dímheasa | (347,988) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | (40,826) | | |
| Aistriú chuig Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | (276,196) | (419,459) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | | 577,996 | 854,192 |
| **3. Costais Tuarastal** | | **2010 €** | **2009 €** |
| Ollthuarastail | | 11,913,476 | 12,002,973 |
| ÁSPC Fostóra | | 821,028 | 914,597 |
| Costais Iomlána Tuarastal | | 12,734,504 | 12,917,570 |
| Tobhach pinsean | | 766,312 | 666,637 |
| Baineadh € 766,312 ón bhfoireann tríd an tobhach pinsean agus íocadh leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta é | | | |
| *Líon na bhFostaithe (ionann agus oibrithe lánaimseartha)* | | | 185.1 |
| **Príomhoifigeach Feidhmiúcháin - Tuarastal** | | **2010 €** | **2009 €** |
| Tuarastal | | 153,445 | 159,761 |

Fuair an POF aisghabháil €7,590 i 2010 ar speansais thaistil agus chothaithe.

Tá an POF ina bhall de scéim neamhchistithe shochair shainithe na hearnála poiblí agus ní théann a theidlíochtaí pinsean thar na teidlíochtaí caighdeánacha pinsean a bhaineann le scéim aoisliúntais shochair shainithe na hearnála poiblí.

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

| 4. Táillí agus Speansais na mBall<br>Táillí | NÓTAÍ | 2010<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|---|
| Cathaoirleach | | **12,600** | **13,067** |
| Baill an Bhoird | | **81,000** | **84,000** |
| Marion Byron | | 8,100 | 8,400 |
| Dermot Carey | | 8,100 | 8,400 |
| Sean Corrigan | | 8,100 | 8,400 |
| Esther Lynch | | 8,100 | 8,400 |
| Eamon Devoy | | 8,100 | 8,400 |
| Dessie Robinson | | 8,100 | 8,400 |
| Francis Rochford (fostaí an DETI) | | 0 | 0 |
| Rosie Sheerin | | 8,100 | 8,400 |
| Pat Kearney | | 8,100 | 8,400 |
| Christina McEleney | | 8,100 | 8,400 |
| Anne Marie Hayes | | 8,100 | 8,400 |
| | | 93,600 | 97,067 |
| **Speansais** | | **2010<br>€** | **2009<br>€** |
| Cathaoirleach | | **7,088** | **6,740** |
| Baill an Bhoird | | **16,850** | **11,276** |
| Marion Byron | | 0 | 0 |
| Dermot Carey | | 1,615 | 1,085 |
| Sean Corrigan | | 0 | 0 |
| Esther Lynch | | 0 | 0 |
| Eamon Devoy | | 0 | 0 |
| Dessie Robinson | | 0 | 0 |
| Francis Rochford | | 0 | 0 |
| Rosie Sheerin | | 948 | 1,153 |
| Pat Kearney | | 6,002 | 3,435 |
| Christina McEleney | | 4,664 | 2,433 |
| Anne Marie Hayes | | 3,621 | 3,170 |
| | | | |
| **5. Riarachán** | | **2010<br>€** | **2009<br>€** |
| Cóiríocht | | 2,243,324 | 2,222,404 |
| Costais chumarsáide | | 516,758 | 423,654 |
| Taisteal agus cothú | | 917,778 | 959,579 |
| Foilseacháin agus margaíocht | | 1,073,542 | 683,639 |
| Seirbhísí dlí | | 312,240 | 169,994 |
| Taighde agus comhairleacht | | 481,562 | 824,756 |
| Athbhreithniú ar phróiseas gnó | | 337,411 | 789,799 |
| Costais soláthar foirne | | 167,314 | 334,183 |
| Soláthairtí trealamh ginearálta | | 96,519 | 212,240 |
| Comhpháirtíocht sheachtrach | | 200,000 | 210,000 |
| Infheistíocht san fhoghlaim | | 186,176 | 269,922 |
| Costais teicneolaíochta | | 463,142 | 578,170 |
| Dímheas | | 347,988 | 515,355 |
| Táillí iniúchta inmheánaigh | | 33,199 | 34,226 |
| Táille Iniúchta Sheachtraigh | | 15,510 | 15,510 |
| Táillí na mball | Nóta 3 | 93,600 | 97,067 |
| Eile | | 101,388 | 138,109 |
| | | 7,587,451 | 8,478,607 |

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

| 6. Sócmhainní Seasta | Daingneáin agus Feisteas € | Troscán agus Trealamh € | Trealamh Ríomhaireachta € | Trealamh Eolaíochta € | Forbairt Bogearraí € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | | |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir 2010 | 1,851,028 | 1,980,327 | 5,359,708 | 515,328 | 435,358 | 10,141,748 |
| Breiseanna sa bhliain | - | 10,949 | 101,670 | - | - | 112,618 |
| Diúscairtí | (93,982) | (1,001,785) | (4,646,976) | - | - | (5,742,743) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 10 | 1,757,046 | 989,490 | 814,402 | 515,328 | 435,358 | 4,511,623 |
| | | | | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir 2010 | 1,713,051 | 1,741,006 | 5,262,612 | 483,816 | 87,071 | 9,287,556 |
| Diúscairtí | (53,156) | (1,001,785) | (4,646,976) | - | - | (5,701,917) |
| Muirear don bhliain | 26,000 | 145,757 | 112,889 | 19,805 | 43,536 | 347,988 |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig 10 | 1,685,896 | 884,977 | 728,530 | 503,619 | 130,607 | 3,933,629 |
| | | | | | | |
| **Glanluach leabhar (GLL)** 31 Nollaig 2010 | 71,152 | 104,512 | 85,872 | 11,709 | 304,751 | 577,996 |
| | | | | | | |
| GLL 31 Nollaig 2009 | 137,977 | 239,321 | 97,095 | 31,512 | 348,287 | 854,192 |

| 7. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 2010 € | 2009 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 850,907 | 971,160 |
| Féichiúnaithe Eile | 39,478 | 35,753 |
| | 890,385 | 1,006,913 |

| 8. Creidiúnaithe | 2010 € | 2009 € |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe Trádála agus Speansas | 68,486 | 98,093 |
| Costais fhabhraithe | 216,502 | 263,201 |
| Creidiúnaithe Párolla | 231,054 | 84,020 |
| | 516,042 | 445,314 |

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

| **9. Scéim Aoisliúntais agus Cóireáil Chuntasaíochta do Shochair Scoir** | **2010 €** | **2009 €** |
|---|---|---|
| **(a) Anailís ar iomlán na gcostas pinsean a muirearaíodh ar chaiteachas** | | |
| Costas seirbhíse reatha | 2,667,000 | 3,600,000 |
| Ús ar dhliteanais scéime pinsean | 3,030,000 | 2,400,000 |
| Ranníocaíochtaí fostaithe | (700,000) | (875,144) |
| | 4,997,000 | 5,124,856 |

| **(b) Gluaiseacht ar Ghlandliteanas Pinsean i rith na bliana airgeadais** | **2010 €** | **2009 €** |
|---|---|---|
| Easnamh ag tús na bliana | 52,900,000 | 49,600,000 |
| Costas seirbhíse reatha | 2,667,000 | 3,600,000 |
| Sochair íoctha | (965,000) | (1,085,000) |
| Costais seirbhíse san am atá thart | - | - |
| Costais Úis | 3,030,000 | 2,400,000 |
| Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach | (13,299,000) | (1,615,000) |
| Glandliteanas Pinsean ar 31 Nollaig | 44,333,000 | 52,900,000 |

**(c) Cistiú iarchurtha do phinsin**

Aithníonn an tÚdarás na suimeanna sin mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamhchistithe do phinsin. Is ar bhonn na dtoimhsí a sonraíodh thuas agus mar gheall ar roinnt eachtraí a tharla san am atá thart a aithnítear amhlaidh. Ar na heachtraí sin tá an tacaíocht reachtúil a tugadh don scéim aoisliúntais chomh maith le polasaí agus cleachtas maidir le cistiú pinsean seirbhíse poiblí, ar a n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an Údarás nach leanfaidh an polasaí cistithe seo de bheith faoi chomhair suimeanna dá leithéid de réir cleachtais reatha. Bhí €44,333,000 (2009 €52,900,000) sa tsócmhainn chistithe iarchurtha faoin 31 Nollaig 2010. Bunaítear cainníochtú an dliteanais ar na toimhdí airgeadais a leagtar amach sa nóta seo. Cuirtear an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta ar an eolas faoi na toimhdí airgeadais a úsáideadh, rud atá bunaithe ar chomhairle ghairmiúil achtúireach, ach ní dhéantar iad a chomhaontú go foirmiúil leis an Roinn.

| **Glanchistiú Iarchurtha** | **2010 €** | **2009 €** |
|---|---|---|
| Cistiú in-aisghabhála maidir le costais na bliana reatha pinsean | 5,697,000 | 6,000,000 |
| | | |
| Deontas stáit curtha chun feidhme chun pinsinéirí a íoc | (965,000) | (1,085,000) |
| | 4,732,000 | 4,915,000 |

| **(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe** | **2010 €** | **2009 €** |
|---|---|---|
| (Gnóthachain)/Caillteanais ó thaithí ar dhliteanais scéime | | |
| Méid (€) | (7,867,000) | (720,000) |
| Céatadán an luacha reatha de dhliteanais scéime | (17.7%) | (1.00%) |

| | |
|---|---|
| **Is ionann an caillteanas achtúireach carntha a aithníodh sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána agus €** | (6,474,000) |

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

### (e) Cur síos ginearálta ar an scéim

Tá scéimeanna neamhchistithe aoisliúntais um shochair shainithe á n-oibriú ag an Údarás don fhoireann. Is as ioncam reatha a íoctar na teidlíochtaí aoisliúntais a éiríonn faoi na scéimeanna agus muirearaítear iad ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe, sa bhliain a thagann siad chun a bheith iníoctha.
Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach ar na dliteanais phinsean i ndáil le foireann reatha agus iarfhoireann an Údaráis ar 31 Nollaig 2010. Chun críche an chaighdeáin chuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 17 – Sochair Scoir (FRS 17), rinne achtúire cáilithe neamhspleách an luacháil seo.

Seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh:

| | Ar 31/12/10 | Ar 31/12/09 | Ar 31/12/08 |
|---|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 5.25% | 5.5% | 4.90% |
| Ráta Méadaithe na dTuarastal | 3.50% | 4.0% | 4.00% |
| Ráta Méadaithe na bPinsean | 3.25% | 4.0% | 4.00% |
| Boilsciú | 2.00% | 2.0% | 2.00% |

### (f) Meánionchas saoil iardain de réir na dtáblaí básmhaireachta a úsáidtear chun na dliteanais phinsean a shocrú

| | Fear 65 bliain d'aois | Bean 65 bliain d'aois |
|---|---|---|
| **Pinsinéirí reatha** | 21.0 | 23.9 |
| **Pinsinéirí a rachaidh ar scor 2031** | 23.8 | 25.8 |

### 10. Gealltanais faoi léasanna oibriúcháin

Ar 31 Nollaig 2010 bhí gealltanais bhliantúla ag an Údarás faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe mar seo a leanas.

| | Talamh agus Foirgnimh |
|---|---|
| Léas Oibriúcháin a théann in éag: | € |
| Laistigh de bhliain amháin | 37,000 |
| I rith an dara go dtí an cúigiú bliain san áireamh | 36,268 |
| Thar chúig bliana | 1,344,029 |

## Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

### 11. Baill an Bhoird – Idirbhearta a Nochtadh

Gach bliain, sa bhreis ar ár nDeontas Státchiste (Fotheideal T), iarrtar ar an Údarás ciste darb ainm Deontas X01 a riar chun tacú le roinnt tionscnamh sábháilteachta san ionad oibre a bhfuil a gcur chun críche ag eagraíochtaí seachtracha ceadaithe ag an mBord.

Chuir roinnt eagraíochtaí agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha iarratais faoi bhráid an Údaráis maidir leis an gciste seo. Bhí luach iomlán €200,000 ar an gciste seo i 2010.

Le linn don chiste Deontas XO1 a bheith á dháileadh, féadfaidh an Bord cúnamh airgeadais a cheadú do ghnóthais lena bhfuil baint ag baill ar leith den Bhord.

Nocht na baill seo a leanas go raibh leas acu in eagraíochtaí dár ceadaíodh cúnamh airgeadais i rith na bliana.

| Ball Eagraíochta | Méid | Ball Boird Bainteach |
|---|---|---|
| CIF/Comhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta | €163,169 | Dermot Carey |
| ICTU/Comhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta | | Esther Lynch |

D'íoc an tÚdarás an cistiú arna cheadú le cuntas bainc na Comhpháirtíochta, atá á rialú ag Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF). Tá príomhról ag an CIF agus ICTU araon maidir leis an gComhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta.

De réir Chód Cleachtais an Údaráis do Bhaill an Bhoird, d'fhág na baill dá dtagraítear thuas an cruinniú nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir le cistiú do na heagraíochtaí sin.

### 12. Ráitis Airgeadais a Fhaomhadh

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais ar 4 Márta 2011.

# Aguisíní

| | |
|---|---|
| Aguisín A | Staitisticí Forfheidhmithe 2010 |
| Aguisín B | Torthaí na nIonchúiseamh 2010 |
| Aguisín C | Clár um Fhorbairt Reachtaíochta 2010 |
| Aguisín D | Clár um Fhorbairt Cóid Chleachtais 2010 |
| Aguisín E | Treoirábhair 2010 |
| Aguisín F | Fochoistí an Bhoird,<br>Coistí Comhairleacha agus Grúpaí Oibre |
| Aguisín G | Tuairisc 2010 ar Fheidhmíocht na nÚdarás Náisiúnta Ainmnithe maidir lena gcuid Feidhmeanna faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 |
| Aguisín H | Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh i 2010 |
| Aguisín I | Ráiteas ar Chomhlíonadh na gceanglas den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit-Anuas ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais |

’10

# Aguisín A:
# Staitisticí Forfheidhmithe 2010

**Tábla A.1 Líon na gCigireachtaí 2003–2010**

| Bliain | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 10,704 | 11,382 | 13,552 | 15,365 | 13,631 | 16,009 | 18,451 | 16,714 |

**Tábla A.2 Líon na gCigireachtaí de réir Earnála Eacnamaíche agus Chineál na Cigireachta**

| Earnáil NACE | Fiosrúcháin | Cigireachtaí | Iomlán |
|---|---|---|---|
| A - Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht | 76 | 1,678 | 1,754 |
| B - Mianadóireacht agus cairéalú | 40 | 433 | 473 |
| C - Déantúsaíocht | 208 | 1,727 | 1,935 |
| D - Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe | 8 | 68 | 76 |
| E – Soláthar uisce; séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin; | 33 | 244 | 277 |
| F – Foirgníocht | 478 | 5,227 | 5,705 |
| G – Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar | 170 | 2,367 | 2,537 |
| H – Iompar agus stóráil | 91 | 1,083 | 1,174 |
| I – Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia | 40 | 464 | 504 |
| K – Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais | 7 | 275 | 282 |
| N – Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin | 31 | 154 | 185 |
| O – Riarachán poiblí agus cosaint, slándáil shóisialach éigeantach | 36 | 189 | 225 |
| P – Oideachas | 26 | 360 | 386 |
| Q – Gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta | 64 | 424 | 488 |
| R – Na healaíona, an tsiamsaíocht agus an caitheamh aimsire | 16 | 119 | 135 |
| S – Gníomhaíochtaí seirbhíse eile | 57 | 521 | 578 |
| **Iomlán** | **1,381** | **15,333** | **16,714** |

**Tábla A.3 Céatadán na bhFostóirí a bhfuil Ceanglais Sábháilteachta agus Sláinte á gComhlíonadh Acu de réir Earnála 2010**

| NACE | % Ráiteas Sábháilteachta ullmhaithe | % Córas Comhairliúcháin Sábháilteachta (más infheidhme) | % Ionadaithe Sábháilteachta ceaptha (más infheidhme) |
|---|---|---|---|
| A – Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht | 67 | 83 | 25 |
| B – Mianadóireacht agus cairéalú | 97 | 97 | 52 |
| C – Déantúsaíocht | 91 | 89 | 46 |
| D – Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe | 93 | 98 | 62 |
| E – Soláthar uisce; séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin; | 95 | 94 | 48 |
| F – Foirgníocht | 87 | 92 | 46 |
| G – Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar | 76 | 82 | 25 |
| H – Iompar agus stóráil | 92 | 90 | 50 |
| I – Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia | 73 | 79 | 25 |
| K – Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais | 94 | 93 | 49 |
| N – Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin | 86 | 86 | 14 |
| O – Riarachán poiblí agus cosaint, slándáil shóisialach éigeantach | 92 | 99 | 78 |
| P – Oideachas | 97 | 91 | 63 |
| Q – Gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta | 90 | 94 | 56 |
| R – Na healaíona, an tsiamsaíocht agus an caitheamh aimsire | 79 | 84 | 35 |
| S – Gníomhaíochtaí seirbhíse eile | 48 | 53 | 10 |

**Tábla A.4 Líon na gCigireachtaí de réir Earnála Eacnamaíche agus Gnímh Fhorfheidhmithe**

| | Cigireachtaí / Imscrúduithe | Toirmeasc Comhaontaithe | Fógra Feabhsúcháin | Íocaíocht in Ionad | Fógra Toirmisc | Treoir Scríofa | Iomlán | % Forfheidhmiú |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A – talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht | 1754 | 1 | 103 | 0 | 116 | 839 | 1059 | 60% |
| B – mianadóireacht agus cairéalú | 473 | 0 | 26 | 0 | 4 | 178 | 208 | 44% |
| C – déantúsaíocht | 1935 | 0 | 151 | 6 | 39 | 972 | 1168 | 60% |
| D – soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe | 76 | 0 | 0 | 0 | 0 | 23 | 23 | 30% |
| E – soláthar uisce; séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin; | 277 | 1 | 18 | 1 | 19 | 138 | 177 | 64% |
| F – foirgníocht | 5705 | 12 | 151 | 2 | 354 | 2000 | 2519 | 44% |
| G – trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar | 2537 | 0 | 285 | 22 | 28 | 1286 | 1621 | 64% |
| H – iompar agus stóráil | 1174 | 0 | 26 | 40 | 11 | 217 | 294 | 25% |
| I – gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia | 504 | 0 | 34 | 0 | 6 | 250 | 290 | 58% |
| K – gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais | 282 | 0 | 3 | 0 | 1 | 168 | 173 | 61% |
| N – gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin | 185 | 0 | 6 | 0 | 6 | 64 | 76 | 41% |
| O – riarachán poiblí agus cosaint, slándáil shóisialach éigeantach | 225 | 0 | 6 | 0 | 2 | 82 | 90 | 40% |
| P – oideachas | 386 | 0 | 4 | 0 | 1 | 198 | 203 | 53% |
| Q – gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta | 488 | 0 | 26 | 0 | 1 | 261 | 288 | 59% |
| S – gníomhaíochtaí seirbhíse eile | 326 | 0 | 45 | 0 | 2 | 154 | 201 | 62% |
| Eile | 387 | 0 | 30 | 0 | 9 | 141 | 180 | 47% |
| **Iomlán** | **16714** | **14** | **914** | **71** | **599** | **6971** | **8570** | **51%** |

# Aguisín B:
# Torthaí na nIonchúiseamh 2010

**Tábla B.1 Achoimre ar thorthaí na n-ionchúiseamh a rinneadh i 2009**

| Cineál imeachta | Líon iomlán a éisteadh | % iomlán na gcásanna a éisteadh go hachomair nó ar díotáil | Díbhí | Achomharc Chúirt Chuarda | Pianbhreith ar fionraí | Gníomh Promhaidh | Fíneálacha € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Achomair | 10 | 33 | 1 | 0 | 0 | 0 | 19,800 |
| Díotáil | 17 | 67 | 1 | 2 | 2 | 0 | 552,100 |
| **Iomlán** | **27** | **100** | **2** | **2** | **2** | **0** | **571,900** |

## Achoimre

**Adrian McMahon ag trádáil mar Mid West Communications**

Éisteadh an cás seo ar 13 Eanáir 2010 i gCúirt Dúiche Thrá Lí. Phléadáil Adrian McMahon ag trádáil mar Mid West Communications ciontach i gcúiseamh amháin. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 12 Samhain 2008. Chuaigh an duine a gortaíodh suas dréimire dín agus iarracht á déanamh aige aeróg a shuiteáil. Thit sé timpeall is 6 mhéadar go talamh. D'éirigh gortú trom cloiginn dó.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 19(a) contrártha d'Alt 77 (2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €800 | n/b |

**Hawlson Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar 18 Eanáir 2010 i gCúirt Dúiche 50, Baile Átha Cliath. Phléadáil Hawlson Teo ciontach i dtrí chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 10 Nollaig 2007 nuair a bascadh fostaí i gcoinne an fhonnaidh de dhumpaire Volvo A30 agus obair deisiúcháin á déanamh aige. Bhásaigh sé de bharr a ghortuithe.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(g) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €1,000 | n/b |
| Rialachán 28(f)(ii) contrártha d'Alt 77(2)(c) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 | Pléadáil chiontach | €1,000 | n/b |
| Rialachán 32(1)(a) contrártha d'Alt 77(2)(c) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 | Pléadáil chiontach | €2,000 | n/b |

**Condron Concrete Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar 27 Eanáir 2010 i gCúirt Dúiche Thulach Mhór. Phléadáil Condron Concrete Teo ciontach in dhá chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 23 Bealtaine 2008. D'fhulaing fostaí de Condron Concrete Teo gortuithe basctha nuair a rug cúldhruma iompróra ar a lámh dheas.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €1,500 | n/b |
| Alt 8(2)(d) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | Curtha san áireamh | n/b |

**Roofing Experts and Company Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar 16 Feabhra 2010 i gCúirt 50, Baile Átha Cliath. Phléadáil Roofing Experts and Co. Teo ciontach in dhá chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 4 Iúil 2008.

Thit fostaí 3.2 mhéadar anuas go dromchla coincréite, nuair a bhí sé ag obair ar dhíon maol, agus d'éirigh gortuithe troma dó.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €500 | n/b |
| Rialachán 98(c)(ii) arna fhoráil ag Alt 77(2)(c) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 | Pléadáil chiontach | €500 | n/b |

**Nypro Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar 19 Aibreán 2010 i gCúirt Dúiche Bhré. Phléadáil Nypro Teo ciontach in dhá chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 15 Iúil 2008 nuair a thit uirlis mhór munlaithe instealta anuas ar fhostaí a ghortaigh na méaracha ar a lámh dheas go dona.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | D'aontaigh an chuideachta €1,000 a íoc le carthanas áitiúil | n/b |
| Alt 8(2)(e) c ontrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | D'aontaigh an chuideachta €1,000 a íoc le carthanas áitiúil | n/b |

**Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath CPT**
Éisteadh an cás seo ar 13 Bealtaine 2010 i gCúirt Dúiche na Sionainne. Phléadáil Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath CPT ciontach i gcúiseamh amháin. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 8 Deireadh Fómhair 2007. Ní raibh soithí oiriúnacha tánaisteacha coimeádta timpeall ar na humair breosla san fheirm umar do bhreosla eitlíochta ag Aerfort na Sionainne. Tharla timpiste mhór inar gortaíodh fear.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Rialachán 9(1) contrártha d'Alt 77(2)(c) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Rialachán na gComhphobal Eorpach (Rialú Guaiseacha Mórthimpistí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) 2006 | Pléadáil chiontach | €2,000 | n/b |

**An tUas. Richard Corrigan**
Éisteadh an cás seo ar 10 Bealtaine 2010 i gCúirt Dúiche Dhroichead Átha. Phléadáil Richard Corrigan ciontach i gcúiseamh amháin. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 3 Deireadh Fómhair 2008. Bhí linntreoga á ndeisiú nuair a chás an láthair ar ghluaisrothaí; tharla imbhualadh agus d'éirigh gortuithe troma pearsanta don ghluaisrothaí. Bhí an suíomh oibre díreach i ndiaidh coraigh ghéir ar bhóthar tuaithe agus ní raibh aon chomhartha rabhaidh ná bainistíocht tráchta ann i gcomhair na n-oibreacha bóthair.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 14(b) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €2,000 | n/b |

**AIBP ag trádáil mar Waterford Proteins**
Éisteadh an cás seo ar 5 Iúil 2010 i gCúirt Dúiche Phort Láirge. Phléadáil AIBP ag trádáil mar Waterford Proteins ciontach in dhá chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 15 Feabhra 2008. Bhí fostaí ag déanamh táthú a mheilt nuair a thit pléascadh amach de bharr ró-mhéid gáis inlasta. D'éirigh gortuithe an-troma don fhostaí mar gheall ar an bpléascadh.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €2,000 | n/b |
| Rialachán 169(1)(a) contrártha d'Alt 77(2)(c) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 | Pléadáil chiontach | €2,000 | n/b |

**An tUas. Victor Hogan**
Ar 11 Samhain 2010, tháinig an cás seo os comhair Chúirt Dúiche an Cabháin i gcomhair éisteachta críochnaithí. Phléadáil Victor Hogan ciontach i gceann amháin de na cúisimh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar theagmhas a tharla ar 18 Meitheamh 2009 nuair a d'éirigh gortuithe troma do bheirt fhostaí de Victor Hogan nuair a thit siad 4.1 mhéadar anuas trí dhíon nach raibh bonn leordhóthanach leis.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Rialachán 44(d)(ii) contrártha d'Alt 77(2)(c) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Rialacháin Foirgníochta 2006 | Pléadáil chiontach | €1,500 | Pianbhreith ar bith |

**Booth Precast Concrete Teoranta**
Éisteadh an cás seo ar 11 Meán Fómhair 2008 i gCúirt Dúiche Chluain Meala. Fuarthas Booth Precast Concrete Teo ciontach i gcúig chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 6 Nollaig 2006 inar gortaíodh náisiúnach Pollanach go dona nuair a thit sé anuas ó airde ag láithreán foirgníochta ag Ros Mór, Baile Thiobraid Árann. Bhí sé fostaithe ag Booth Precast Products Teo, fochonraitheoirí ar an láthair a raibh codanna réamhdhéanta simléir á gcur suas i dtithe adhmadfhrámaithe acu. Gortaíodh go dona é sa chloigeann agus sna géaga.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(e) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Ciontach | €1,000 | n/a |
| Alt 8(2)(e) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Ciontach | €1,000 | n/a |
| Alt 8(2)(g) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Ciontach | Nialas | n/a |
| Alt 8(2)(g) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Ciontach | Nialas | n/b |
| Rialachán 3(1) contrártha d'Alt 77(2)(c) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Rialacháin (Obair ar Airde) 2006 | Ciontach | €1,000 | n/b |

# Ar Díotáil

**Jameson Roofing Specialists Teoranta**
Éisteadh an cás seo ar 14 Eanáir 2010 i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadáil Jameson Roofing Specialists Teo ciontach i gcúiseamh amháin. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 22 Iúil 2005. Bhí brait shileáin á suiteáil sa láithreán foirgníochta de shíneadh halla an bhagáiste ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhásaigh fostaí de bharr a ghortuithe nuair a thit sé anuas ó airde.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Rialachán 10(a) contrártha d'Alt 48(1)(c) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, arna leasú | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 1993 | Pléadáil chiontach | €7,500 | n/b |

**Galmoy Mines Teoranta**
Éisteadh an cás seo ar 20 Eanáir 2010 i gCúirt Chuarda Choiriúil Chill Chainnigh ag suí i gCeatharlach. Phléadáil Galmoy Mines Teoranta ciontach in dhá chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar theagmhas a tharla ar 16 Feabhra 2007 nuair a thit fostaí de bharr-ráile cosanta ar ardán dúnbhealaigh droichid go hurlár coincréite agus obair á déanamh aige ar bhrúteoir faoi thalamh. Bhásaigh sé de bharr a ghortuithe.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(2) (c)(i) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €100,000 | n/b |
| Alt 8(2)(c)(i) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | Curtha san áireamh | n/b |

**Markethaven Teoranta**
Éisteadh an cás seo ar 9 Feabhra 2010 i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadáil Markethaven Teo ciontach in dhá chúiseamh roimhe sin. Tháinig an t-ábhar chun cinn mar thoradh ar chigireacht a tharla ar 20 Meitheamh 2003. Bhí sé leagtha amach ag Markethaven Teo go ndéanfadh conraitheoir oibreacha scartála ag láithreán i Sean-Neachtlann Spring Grove. Fuarthas i rith na cigireachta nach raibh aon ordú leis an obair scartála. Chonacthas píopaí scaipthe timpeall na háite, chomh maith le fálú aispeiste a bhí an-damáistithe, ina raibh ardleibhéil de charcanaigin dhaonna chatagóir a haon.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Rialachán 3(1) contrártha d'Alt 77(2)(c) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001 | Pléadáil chiontach | €60,000 | n/b |
| Alt 13 | An tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997 | Pléadáil chiontach | €60,000 | n/b |

*Féach Walmac Teoranta Freisin*

**Walmac Teoranta**
Éisteadh an cás seo ar 9 Feabhra 2010 i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Phléadáil Walmac Teo ciontach i gcúiseamh amháin roimhe sin. Tháinig an t-ábhar chun cinn mar thoradh ar chigireacht a tharla ar 20 Meitheamh 2003. Fostaíodh Walmac Teo chun oibreacha scartála a dhéanamh ag láithreán i Sean-Neachtlann Spring Grove. Fuarthas i rith na cigireachta nach raibh aon ordú leis an obair scartála. Chonacthas píopaí scaipthe timpeall na háite, chomh maith le fálú aispeiste a bhí an-damáistithe, ina raibh ardleibhéil de charcanaigin dhaonna chatagóir a haon.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 7(1) agus Alt 48(1)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 | Pléadáil chiontach | €30,000 | n/b |

**Dunree Construction Teoranta**
Ar 11 Feabhra 2010, éisteadh an cás seo i gCúirt Chuarda Leitir Ceanainn, phléadáil Dunree Construction Teoranta ciontach i gcúiseamh amháin. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 3 Iúil 2006. Bhásaigh ball mná den phobal de bharr a gortuithe nuair a thit sí breis is 2 mhéadar isteach i log solais neamhfhálaithe ag Óstán Gallagher, An tSráid Mhór Uachtarach, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall. Bhásaigh sí de bharr a gortuithe.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Rialachán 15(3) contrártha d'Alt 77(2)(c) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001 | Pléadáil chiontach | €10,000 | n/b |

**Comhairle Contae an Chláir**

Éisteadh an cás seo ar 16 agus 17 Feabhra 2010 i gCúirt Chuarda na hInse. Phléadáil Comhairle Contae an Chláir ciontach i gceithre chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 17 Bealtaine 2006. Gortaíodh fostaí de chuid Comhairle Contae an Chláir go dona nuair a d'iompaigh an dumpaire láithreáin a bhí á oibriú aige. Bhásaigh sé ina dhiaidh sin de bharr a ghortuithe. Ní raibh aon bheart cosantach i bhfeidhm chun an t-aisiompú a chosc agus ní raibh crios sábhála á chaitheamh aige.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8 (2)(a) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €12,500 | n/b |
| Alt 8(2)(a) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €12,500 | n/b |
| Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €12,500 | n/b |
| Rialachán 9(1)(a), mar a bhaineann sé le Rialachán 45 contrártha d'Alt 77(2)(c) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2001 | Pléadáil chiontach | €12,500 | n/b |

*Féach Michael Scully freisin*

**An tUas. Michael Scully**

Éisteadh an cás seo ar 16 agus 17 Feabhra 2010 i gCúirt Chuarda na hInse. Phléadáil an tUas. Michael Scully (Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin) de chuid Comhairle Contae an Chláir ciontach in dhá chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 17 Bealtaine 2006 nuair a gortaíodh fostaí de chuid Comhairle Contae an Chláir go dona nuair a d'iompaigh an dumpaire láithreáin a bhí á oibriú aige. Bhásaigh sé ina dhiaidh sin de bharr a ghortuithe. Ní raibh aon bheart cosantach i bhfeidhm chun an t-aisiompú a chosc agus ní raibh crios sábhála á chaitheamh aige.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(a) contrártha d'Alt 80 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | n/b | 12 mhí (ar fionraí) |
| Rialachán 9(1)(a) (ar fionraí) mar a bhaineann sé le Rialachán 45 contrártha d'Alt 77(2)(c) agus d'Alt 80 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Rialacháin 2001 an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2005 | Pléadáil chiontach | n/b | 12 mhí |

**An tUas. Pascal O' Regan**
Éisteadh an cás seo ar 4 Bealtaine 2010 i gCúirt Chuarda Chorcaí. Phléadáil Pascal O' Regan ciontach i gcúiseamh amháin. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 13 Samhain 2007. Bhain an tUas. O' Regan lámhráille agus deisiúcháin á ndéanamh aige ar dhíon maol a bhí ina bhealach rochtana ar árasán chomh maith. Dá bharr sin, thit ball den phobal den díon agus d'éirigh gortuithe troma dó nuair a bhí se ag dul i gcuideachta le daoine.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 12 contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €600 | n/b |

**DAF Sales Teoranta**
Éisteadh an cás seo ar 10 Bealtaine 2010 i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 1 Nollaig 2006. Bhí fostaí ina sheasamh i gciseán miotail ar ghabhail forc-ardaitheora nuair a thit sé 4-5 mhéadar go talamh. Ansin, thit an ciseán anuas air. Rinneadh ráiteas ar an láthair go raibh se marbh. Ní raibh measúnacht priacail déanta i gcomhair obair ar airde agus ní raibh fáil ar aon mheán chun an ciseán a cheangal i gceart. Phléadáil DAF Sales Teoranta ciontach in dhá chúiseamh.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(c)(iii) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €60,000 | n/b |
| Alt 19(1) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €15,000 | n/b |

**Slaney Foods International Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar 27 Deireadh Fómhair i gCúirt Chuarda Loch Garman. Phléadáil Slaney Foods International ciontach in dhá chúiseamh. Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 13 Aibreán 2007 nuair a bhí gléas adharcghearrtha á oibriú ag fostaí (búistéir). Gortaíodh an fostaí go dona nuair a rug an lann deiridh ar a lámh dheas toisc gur shleamhnaigh sé agus toisc go ndearnadh príomhghnéithe sábháilteachta an ghléis a sheachghabháil.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(c)(iii) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €10,000 | n/b |
| Alt 8(2)(g) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €10,000 | n/b |

**Seamus Brett and Sons Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar 28 Deireadh Fómhair 2010 i gCúirt Chuarda Chaisleán an Bharraigh. Phléadáil Seamus Brett and Sons Teo ciontach in dhá chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 25 Iúil 2008. Gortaíodh fostaí de chuid Seamus Brett and Sons Teo nuair a bhí obair feirme ar siúl aige. Rinne an chraein a bhí á hoibriú aige teagmháil le línte lasnairde 10Kv de chuid an ESB.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8 contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €3,000 | n/b |
| Rialachán 41(b) contrártha d'Alt 77(2)(c) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 | Pléadáil chiontach | €3,000 | n/b |

**Dawn Farm Foods Teoranta**

Ar 26 Samhain 2010, tháinig an cás seo os comhair Chúirt Chuarda an Náis i gcomhair éisteachta críochnaithí. Phléadáil Dawn Farm Foods Teo ciontach i gceithre chúiseamh. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 23 Samhain 2007. Gortaíodh fostaí de chuid Dawn Farm Foods Teo go dona nuair a chuaigh a lámh chlé i bhfostú an t-innealra ar a raibh sé ag obair.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8 (1), Alt 8(2)(a) agus Alt 77(2) (a) agus Alt 78 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €5,000 | n/b |
| Alt 8(1), Alt 8(2)(c)(iii), Alt 79(a) agus Alt 78 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €50,000 | n/b |
| Rialachán 28(a) agus Alt 77(2)(c) agus Alt 78 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 | Pléadáil chiontach | €5,000 | n/b |
| Rialachán 33(e) agus Alt 77(2)(c) agus Alt 78 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 | Pléadáil chiontach | €5,000 | n/b |

**An tUas. John Hennessey**

Éisteadh an t-ábhar seo ar 3 Samhain 2010 i gCúirt Chuarda Chill Chainnigh. Phléadáil an tUas. John Hennessey ciontach sna ceithre chás ina choinne. Tháinig an cás seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 25 Márta 2008 nuair a bhásaigh fostaí ag an obair de bharr a ghortuithe. Bhí dumpaire láithreáin á oibriú ag an bhfostaí agus gabhadh é nuair a d'iompaigh an dumpaire.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(1) agus Alt 8(2)(c )(iii) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | Nialas | 12 mhí ar fionraí ar feadh 12 mhí |
| Rialachán 91 contrártha d'Alt 77(2)(c) agus Alt 80 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 | Pléadáil chiontach | Nialas | 12 mhí ar fionraí ar feadh 12 mhí |
| Rialachán 25(1)(b) contrártha d'Alt 77(2)(c) agus Alt 80 | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 | Pléadáil chiontach | Nialas | 12 mhí ar fionraí ar feadh 12 mhí |
| Alt 14(b) contrártha d'Alt 77(9) (a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | Nialas | 12 mhí ar fionraí ar feadh 12 mhí |

**M and P Construction Teoranta**

Ar 17 Nollaig 2010, tháinig an t-ábhar seo os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath i gcomhair éisteachta críochnaithí. Phléadáil M and P Construction Teoranta ciontach i dtrí chúiseamh. Tháinig an teagmhas seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 8 Nollaig 2006. Bhí fostaí de chuid M and P Construction Teoranta ag obair laistigh de láithreán tochailte nuair a thug bruach uaidh. Bhásaigh an fostaí de bharr a ghortuithe.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 8(2)(a) a bhaineann le hAlt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €52,000 | n/b |
| Rialachán 16(b) contrártha d'Alt 77(2)(c) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 | Pléadáil chiontach | Curtha san áireamh | n/b |
| Rialachán 51(1)(a) contrártha d'Alt 77(2)(c) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005; Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 | Pléadáil chiontach | Curtha san áireamh | n/b |

*Féach David Lumley freisin*

**An tUas. David Lumley**

Ar 17 Nollaig 2010, tháinig an t-ábhar seo os comhair Chúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath i gcomhair éisteachta críochnaithí. Phléadáil David Lumley, maor an láithreáin, ciontach i gcúiseamh amháin. Tháinig an teagmhas seo chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 8 Nollaig 2006. Bhí fostaí ag obair laistigh de láithreán tochailte nuair a thug bruach faoi. Bhásaigh an fostaí de bharr a ghortuithe. Fuair maor an láithreáin ordú ón gcuideachta foirgníochta chun oibreacha deisiúcháin a dhéanamh ar an gcuid sin den láithreán tochailte a bhí ar oscailt ag an am.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 80 a bhaineann le hAlt 8(2)(a) a bhaineann le hAlt 77(9) (a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €5,000 | n/b |

**Oliver Taaffe Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar 3 Samhain 2010 i gCúirt Chuarda na hInse. Phléadáil Oliver Taffe Teo ciontach in dhá chúiseamh. Tháinig an cás chun cinn nuair a gortaíodh fostaí de chuid Oliver Taaffe Teo. Gortaíodh an duine (mionaoiseach), a bhí ar thaithí oibre ag am na timpiste, nuair a thit leac coincréite ar a gcos. Teascadh ceithre mhéar coise.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Alt 20(3)(b) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €3,000 | n/b |
| Rialachán 144(b)(i) contrártha do 77(2)(a) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 | Pléadáil chiontach | €3,000 | n/b |

**Mega-Var Electrical Services Teoranta**

Éisteadh an cás seo ar 15 Nollaig 2010 i gCúirt Chuarda Phort Laoise. Phléadáil Mega-Var Electrical Services Teoranta ciontach i ngach ceann de na cúig chúiseamh. Tháinig an cás chun cinn mar thoradh ar thimpiste a tharla ar 26 Meitheamh 2008. Bhí beirt fhostaí á n-ardú i gciseán neamhchomhtháite iompar duine a bhí ceangailte le ball iompair d'ionramhálaí theileascópach a d'iompaigh. Bhásaigh fostaí amháin mar thoradh ar an teagmhas agus gortaíodh an fostaí eile go dona.

| Sárú | Reachtaíocht | Fíorasc | Fíneáil | Pianbhreith |
|---|---|---|---|---|
| Rialachán 42(i) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 | Pléadáil chiontach | €1,000 | n/b |
| Rialachán 42(j) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007 | Pléadáil chiontach | €1,000 | n/b |
| Rialachán 25(b) | Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006 | Pléadáil chiontach | €1,000 | n/b |
| Alt 8(2)(e) contrártha d'Alt 77(2)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €1,000 | n/b |
| Alt 8(2)(e) contrártha d'Alt 77(9)(a) | An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 | Pléadáil chiontach | €1,000 | n/b |

# Aguisín C: Clár um Fhorbairt Reachtaíochta 2010

| Rialachán | Cineál | Stádas |
|---|---|---|
| An tAcht Ceimiceán (Leasú), 2010 | Athbhreithniú | Arna fhoilsiú i mí na Nollag. |
| Na Rialacháin Aispeiste (Leasú) 2010 | Athbhreithniú | Arna bhfoilsiú i mí na Nollag. Foilsíodh treoir maidir le hísealphriacail aispeiste agus le priacail fhánacha aispeiste. Chomh maith leis sin, dréachtaíodh Cód Cleachtais do na Rialacháin Aispeiste 2006 agus 2010 a fhoilseofar sa chéad ráithe (Q1) de 2011. |
| Rialacháin na nOibreán Bitheolaíocha | Athbhreithniú | Cuireadh Dréacht-Rialacháin agus an Cód Cleachtais a bhaineann leo ar aghaidh chuig an DETI i mí Iúil 2010. Tá athbhreithniú á déanamh faoi láthair ar na Rialacháin ag Oifig na Comhairle Parlaimintí. |
| Carcanaiginí | Athbhreithniú | Cuireadh an obair sin siar go dtí go ndéanfaí Treoir an EU maidir carcanaiginí a nuashonrú. |
| Na Rialacháin um Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar (ADR) 2010 | Nua | Tugadh tacaíocht theicniúil do DETI chun Rialacháin a dhréachtú lena ndéanfaí an treoir ADR 2009 a trasuí. |
| Na Rialacháin AE maidir le hAicmiú, le Lipéadú agus le Pacáistiú Substaintí agus Meascán | Nua | Rinneadh leasuithe ar an Rialachán nua AE maidir le hAicmiú, le Lipéadú agus le Pacáistiú, lena mbaineann an tAcht Ceimiceán (Leasú), 2010 anois. |
| Na Dréacht-Rialacháin um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag Obair (Foirgníocht) (Leasú) 2010 (I.R. Uimh. 523 de 2010) . | Athbhreithniú | Arna bhfoilsiú 2 Samhain 2010 |
| Rialú Mórghuaiseacha Timpistí (COMAH) | Athbhreithniú | Tugadh faisnéis do DETI maidir le hábhar na nDréacht-Rialachán nua. Tá athbhreithniú á déanamh faoi láthair ar na Rialacháin ag Oifig na Comhairle Parlaimintí. |
| Rialachán AE maidir le Glantaigh | Nua | Leasuithe ar na Rialacháin AE maidir le Glantaigh Baineann an tAcht Ceimiceán (Leasu), 2010 leis an Rialachán anois. |
| Na Rialacháin Tumadóireachta | Athbhreithniú | Cuireadh Dréacht-Rialacháin faoi bhráid an DETI i mí an Mhárta 2010. Tá athbhreithniú á déanamh faoi láthair ar na Rialacháin ag Oifig na Comhairle Parlaimintí. |
| Dugaí | Athbhreithniú | Rinneadh cinneadh chun Cód Cleachtais maidir le Dugaí a fhorbairt de réir an Achta 2005. |
| Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) (Bealaí Amach Éigeandála) | Athbhreithniú | Cuireadh Dréacht-Rialacháin faoi bhráid DETI. |

| Rialachán | Cineál | Stádas |
|---|---|---|
| Onnmhairiú agus allmhairiú substaintí contúirteacha | Nua | Leasuithe ar Rialachán an AE maidir le hOnnmhairiú agus le hAllmhairiú Ceimiceán Contúirteach, lena mbaineann an tAcht Ceimiceán (Leasú), 2010 anois. |
| Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Mianaigh) | Nua/ athbhreithniú | Tograí do Rialacháin nua agus d'aisghairm agus cúlghairm fhorálacha comhfhreagracha an Achta um Mianaigh agus Cairéil, 1965 agus na Rialacháin arna ndéanamh faoin Acht sin, cuireadh faoi bhráid an DETI i mí Dheireadh Fómhair 2010 iad. |
| Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta)(Leasú) 2010 (Radaíocht Shaorga Optach) (I.R. Uimh. 176 de 2010). | Nua | Arna bhfoilsiú 29 Aibreán 2010. |
| Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) (Brúchórais) | Athbhreithniú | Cuireadh Dréacht-Rialacháin faoi bhráid an DETI. Tá athbhreithniú á déanamh faoi láthair ar na Rialacháin ag Oifig na Comhairle Parlaimintí. |
| Na Rialacháin um Thuairisciú Timpistí | Athbhreithniú | Á ndréachtú agus arna gcur siar go dtí 2011. |
| Na hAchtanna um Shábháilteacht i dTionscal 1955 go 1980 | Athbhreithniú | Tháinig comhairliúchán poiblí ar an athbhreithniú ar fhorálacha ar marthain i gcrích i mí na Nollag 2010. |
| Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) (Leasú) (Úsáid Trealamh Oibre) | Athbhreithniú | Cuireadh Dréacht-Rialacháin faoi bhráid DETI. |

# Aguisín D: Clár um Fhorbairt Cóid Chleachtais 2010

| Cód Cleachtais | Stádas |
| --- | --- |
| Cód Cleachtais maidir le Contúirtí a Sheachaint ó Sheirbhísí Faoin Talamh | Arna tháinig i ngníomh an 11 Eanáir 2010 |
| Cód Cleachtais do Chonraitheoirí ag Obair ar Bhóithre a bhfuil Triúr Fostaí nó níos Lú Acu | Arna tháinig i ngníomh an 4 Bealtaine 2010 |
| Cód Cleachtais do na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) 2001 | Arna tháinig i ngníomh an 4 Bealtaine 2010 |
| Cód Cleachtais maidir le Dearadh agus Suiteáil Ancairí | Arna tháinig i ngníomh an 7 Bealtaine 2010 |
| Cód Cleachtais maidir le hObair in Áiteanna Cúnga | Arna tháinig i ngníomh an 17 Bealtaine 2010 |
| Cód Cleachtais maidir le Timpistí do Leanaí agus do Dhaoine Óga sa Talmhaíocht a Chosc | Arna tháinig i ngníomh an 6 Meán Fómhair 2010 |
| Cód Cleachtais maidir le Sábháilteacht Leictreach i gCairéil | Arna tháinig i ngníomh an 20 Nollaig 2010 |
| Cód Cleachtais d'Oibreoirí Feithiclí Seachadta Cairéil (A Fhostaíonn Triúr nó Níos Lú) | Arna chuireadh i gcrích i mí na Nollag 2010. Foilseofar é i dtús 2011 |
| Cód Cleachtais maidir le Sábháilteacht sa Díonadóireacht | Cuireadh dréacht faoi bhráid an DETI i mí na Samhna 2010 chun toiliú a fháil ón Aire lena fhoilsiú |
| Cóid Chleachtais maidir le hOibríochtaí Tumadóireachta Intíre/Cladaigh agus Easchósta | Cuireadh dréacht faoi bhráid an DETI i mí an Mhárta 2010 |
| Cód Cleachtais d'Árthaí Iascaireachta (níos lú ná 15m ar fhad) | Á dhréachtú. Táthar i mbun comhairliúchán déthaobhach leis an earnáil faoi láthair. |

# Aguisín E: Treoirábhair 2010

| Treoir | Stádas |
|---|---|
| Talmhaíocht | *Treoirlínte maidir le Beostoc ag Margaí agus Sáinseáin a Láimhsiú go Sábháilte*<br>*Láimhsiú Eallaigh ag Margaí agus Sáinseáin – Bileog Faisnéise*<br>*Eallach a Láimhsiú go Sábháilte ar an bhFeirm*<br>*Sábháilteacht Tarracóra agus Tusa*<br>*Treoir maidir le hObair Shábháilte Adhmaid agus Sábh Slabhrach*<br>*Treoirlínte maidir le hObair Shábháilte in aice le Línte Lasnairde Leictreachais sa Talmhaíocht* |
| Foirgníocht | *SMP 20 – Paca um Bainistíocht Sábháilteachta do Chonraitheoirí Beaga a bhfuil 20 Fostaí ní Níos Lú Acu (Tionscnamh ag an gComhpháirtíocht um Shábháilteacht Foirgníochta)*<br>*Sainmhíniú ar an Obair Foirgníochta*<br>*Úsáid Shábháilte na nDumpairí Láithreáin ar Láithreáin Foirgníochta Bileog Faisnéise* |
| Dugaí | *Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta i nDugaí – Bileog Faisnéise*<br>*Guaiseacha in Oibríochtaí Poirt agus Duga –Bileog Faisnéise* |
| Oideachas – tacaíochtaí foghlama líne | *Cúig mhodúl ríomhfhoghlama atá ceaptha i gcomhair* ar *múinteoirí agus mac léinn san oideachas*<br>*Treoirlínte maidir le Bainistíocht Sábháilteachta agus Sláinte in Iar-Bhunscoileanna (Cuid 1 agus Cuid 2)* |
| Cúram sláinte | *Breith Greim: Stop Sleamhnaithe agus Tuislí san Earnáil Cúram Sláinte Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta san Earnáil Cúram Sláinte – Bileog Faisnéise* |
| Údaráis Áitiúla | *Cothabháil Foirgneamh agus Séadchomharthaí de chuid Phlean Sábháilte Córas Oibre (PSCO)* |
| Láimhsiú | *Treoir faoi Mheasúnacht Priacail maidir le Láimhsiú san Earnáil Mhiondíola*<br>*Treoir faoin gCóras Oiliúna maidir le Láimhsiú - Leasú 2010* |
| Radaíocht optúil | *Treoir d'Fhostóirí maidir leis na Rialacháin um Rialú na Radaíochta Saorga Optúla ag an Obair 2010* |
| Miondíol | *Seicliosta maidir le Sláinte agus Sábháilteacht in Áitribh Beaga Miondíola*<br>*Breith Greim: Stop Sleamhnaithe agus Tuislí san Earnáil Mhiondíola* |
| Meiscigh | *Nóta faisnéise curtha i gcrích atá fós le foilsiú* |
| Faireachán margaidh | *Treoir maidir le Faireachán Margaidh fós le foilsiú* |
| Strus ceirde | *Dréacht deireanach den treoir á chur le chéile* |

# Aguisín F: Fochoistí an Bhoird, Coistí Comhairleacha agus Grúpaí Oibre

### Fochoiste Reachtaíochta agus Treorach an Bhoird

- Rosie Sheerin (Cathaoirleach)
- Marian Byron
- Dermot Carey
- Esther Lynch
- Eamonn Devoy (malartach)

### Fochoiste Airgeadais an Bhoird

- Sean Corrigan (Cathaoirleach)
- Anne Marie Hayes
- Pat Kearney
- Dessie Robinson

### Fochoiste Iniúchóireachta an Bhoird

- Sean Corrigan (Cathaoirleach)
- Dermot Carey
- Anne Marie Hayes
- Pat Kearney
- Dessie Robinson

### Fochoiste an Bhoird um Athbhreithniú Straitéiseach agus Forfheidhmiú

- Jim Lyons (Cathaoirleach)
- Eamon Devoy
- Francis Rochford
- Christina McEleney
- Marian Byron

### Coiste Comhairleach Foirgníochta (CAC)

- Dessie Robinson (Cathaoirleach) Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus IMPACT
- Denis Farrell Cumann Cheird na Foirgníochta agus Comhcheirdeanna
- John Graby Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
- Joe Miller Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann
- John Ryan Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Robert Butler Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta
- Kevin Enright Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
- Kevin Geraghty Cónaidhm Coincréite na hÉireann
- Eoin Kennedy Cónaidhm Coincréite na hÉireann
- Nevan Mulrooney Cumann Suirbhéirí Cairte
- Nicholas O'Loughlin An Roinn Airgeadais
- Robert Byrne FÁS
- Maurice Walsh FÁS
- James Coughlan INPDTU/SIPTU
- Anne Drummond, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath
- Kevin Rudden TGP – Thomas Garland and Partners
- Martin O'Dea An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Paraig Earley An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Elaine Walsh (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## An Coiste um Chomhairle Theicniúil agus Eolaíoch (TSAC)

- Marian Byron (Cathaoirleach) Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Frank Barry (Leas-Cathaoirleach) ICTU
- Anne Marie Finlay An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- Michael Gillen IBEC
- Carl Anders IBEC
- Eddie Mullins ICTU
- Darren Byrne An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil
- John Harrison An tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí
- Conor Clenaghan An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- PJ Claffey An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Shara Smith (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach na Comhpháirtíochta Sábháilteachta ar an bhFeirm (FSPAC)

- Pat Kearney (Cathaoirleach) Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Brian Carroll Cumann na gComhairleoirí Talmhaíochta
- Jim Dockery An Líonra um Fhaoiseamh Feirme
- Michael Larkin Macra na Feirme
- John McNamara Teagasc
- Oliver McEvoy An Roinn Talmhaíochta, Iascaireachta agus Bia
- Tom Murphy Cumann na gConraitheoirí Gairmiúla Talmhaíochta
- Vincent Nally Nasc Tuaithe na hÉireann
- John O'Donnell Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann
- Biddy O'Neill Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Ciarán Roche FBD Insurance
- Margaret Healy Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)
- Pat Griffin An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Anthony Morahan An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Maura Kavanagh (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach Réigiúnach an Deiscirt (SRAC)

- Sylvester Cronin (Cathaoirleach) Comhairleoir Sábháilteachta agus Sláinte, SIPTU
- Anne Keohane IFA
- Anne Marie Hayes Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Austin Noonan Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh
- Clive Kelly Cónaidhm Coincréite na hÉireann
- Con Casey SIPTU, Cill Airne
- Conor O'Connell Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)
- David Neal IFO
- Donal Harte ICMSA
- Eddie Ronayne Comhairle Contae Chorcaí
- Gus Connolly ESB
- John Dromey Comhairle Chathair Chorcaí
- John McEntee Comhairle Chathair Luimnigh
- Caroline Neville IOSH
- Maria O'Brien Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Mary Keane NISO
- Michael Reidy Comhairle Contae Luimnigh
- Pat O'Flynn SIPTU

- Robert Stuart Comhairle Contae Chiarraí
- Tony Briscoe IBEC
- Sean Hyde Cigire Sinsearach, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Patricia Truscott (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iarthair (WRAC)

- Dermot Carey (Cathaoirleach) Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)
- Pat Kearney Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Louise Galvin Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe/Mhaigh Eo
- Shane MacLoughlin IBEC
- John McGovern Coillte
- Gerry Finnerty Margadh Beostoic an Ghoirt
- Sgt Pat Fitzmaurice An Garda Síochána
- Dr Shelly Hegarty Comhairle Contae an Chláir
- Martin Cleary Líonraí ESB
- Caitriona Gannon Baxter Healthcare
- Tom O'Connor Brainse an Iarthair de NISO
- James Glennon FÁS
- Joe Kelly Comhairle Contae Mhaigh Eo
- Noel Kilfeather SIPTU
- Michael Dolly Comhairle Contae na Gaillimhe
- Maura Canning IFA
- Adrian Maye Cónaidhm Coincréite na hÉireann
- PJ Murphy An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Orla Cahalan (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach Réigiúnach an Oirdheiscirt (SERAC)

- Rosie Sheerin (Cathaoirleach) Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- John Cassidy FÁS
- John Cooney Comhairle Chill Chainnigh
- Ita Leyden An Institiúid um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde
- Patrick Cummins An Comhlachas Snámha agus Tarrthála (IWSA)
- James Curran Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta (CIF)
- Caroline Foley SIPTU
- John Hickey Bord Iascaigh Mhara
- John Hogan Teagasc
- Sean Kavanagh Comhairle Contae Loch Garman
- Eoin Kennedy Cónaidhm Coincréite na hÉireann
- Kieran Leahy Cumann Ionadaíochta an Gharda Síochána
- Ray Murray Bord Iascaigh Mhara
- Mary O'Doherty Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
- Rosaleen O'Keeffe IBEC
- Jim Shaw NISO
- Lisa Russell Comhairle Contae Chill Chainnigh
- Aileen Scott Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte an Deiscirt
- Brian Sheerin Bord Iascaigh Réigiúnach an Oirdheiscirt
- Mark Cullen An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Maura Kavanagh (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

## Coiste Comhairleach Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWRAC)

- Christina McEleney (Cathaoirleach) Ball an Bhoird, An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Martin Shields Rúnaí NISO (Brainse an Iarthuaiscirt)
- Anthony McCormack Rúnaí Cúnta Brainse SIPTU, Sligeach
- Art McGrath Oifigeach Oideachais Teagasc, Contae Dhún na nGall
- Tony Kelly IMPACT, Sligeach
- David Mullarkey Léachtóir Institiúid Teicneolaíochta Shligigh
- Gerald Mawn Príomhoifigeach Sábháilteachta Coillte Teo Baile Dhún na nGall
- Louis Cabena Comhairleoir Sinsearach Oiliúna FÁS, Sligeach
- Mary McGreal Cathaoirleach Coiste Náisiúnta um Polasaí Teaghlach Feirme agus Sóisialta an IFA
- Sonya Maguire Ionadaí LASAG Comhairle Contae an Chabháin
- Ted Breslin Deputy Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Eagraíocht Iascairí na gCealla Beaga
- Tom Currie Cathaoirleach CFI, Brainse an Oirthuaiscirt
- Vincent Turley Uachtarán ar Chomhlachas Tráchtála Mhaigh Eo
- James McHugh ESB
- Bernadette McLoughlin ICA
- Garda Grainne Fagan Comhairleoir Réigiúnach Sábháilteachta An Garda Síochána
- PJ Murphy An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Orla Cahalan (Rúnaí) An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

# Aguisín G: Tuairisc 2010 ar Fheidhmíocht na nÚdarás Náisiúnta Ainmnithe maidir lena gcuid Feidhmeanna faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010

## Cúlra

Ceapadh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (dá dtagraítear 'an tÚdarás' anseo) mar phríomhúdarás náisiúnta faoin Acht Ceimiceán, Uimh. 13 de 2008, arna leasú i 2010 leis an Acht Ceimiceán (Leasú), Uimh. 32 de 2010 (dá dtagraítear 'na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010' anseo) agus mar sin, tá sé freagrach as feidhmiú na nAchtanna a chomhordú. Déantar socrú sna hAchtanna chun an Rialachán REACH (CE 1907/2006), an Rialachán CLP (CE 1272/2008), an Rialachán Rotterdam (CE 689/2008) agus an Rialachán maidir le Glantaigh (CE 648/2004) a chur i bhfeidhm agus a riar.

Tá dualgais riaracháin agus/nó fhorfheidhmithe ar chúig údarás náisiúnta eile faoi na hAchtanna 2008 agus 2010, is iad sin, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFF), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), Bord Ospidéal Beaumont, Seirbhís Custaim de chuid Roinn na gCoimisinéirí Ioncaim agus Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Tugtar achoimre san aguisín seo ar fheidhmíocht na bhfeidhmeanna de chuid na nÚdarás sin do 2010, feidhmeanna ar cuireadh sonraí faoi bhráid an Údaráis ina leith i bhfoirm tuairiscí, mar a cheanglaítear faoi Ailt 8(4) agus 8(5) den Acht 2008.

Ba chóir go ndéanfaí an aguisín seo a léamh i dteannta príomhábhar na Tuarascála Bliantúla do 2010 ar an alt maidir le Seirbhísí agus Polasaí Ceimiceán agus Spriocanna C agus E de straitéis an Údaráis.

### 1. Príomhghníomhartha

Chomhlíon an **tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta** (HSA) a dhualgas reachtúil faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010 go hiomlán chun ceannasaíocht náisiúnta a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm agus riaradh REACH, CLP, Glantaigh agus Onnmhairíochta-Allmhairíochta. Sholáthraíomar seirbhís náisiúnta i bhfoirm Dheasc Chabhrach na hÉireann ar REACH agus CLP (a dhéileáil le 693 fiosrúchán ar REACH agus CLP agus 15 fhiosrúchán ar Rialachán Rotterdam); reáchtálamar réimse seimineár náisiúnta (6) agus seimineár Gréasáin (2) agus labhair baill den Údarás ag mórán seimineár eile (7). Ó thaobh polasaí, bhíomar ar thús cadhnaíochta maidir le haighneachtaí chun ECHA agus le comhairliúcháin an Choimisiúin ar réimse saincheisteanna; d'fhreastalaíomar ar CARACAL agus ar fhoghrúpaí gaolmhara agus ghlac ar gcuid foirne páirt, mar ionadaithe nó mar shaineolaithe náisiúnta, sna grúpaí oibre agus sna coistí ábhartha ECHA. D'oibríomar agus ár gcomhghleacaithe DETI as lámha a chéile; sholáthraíomar ábhar polasaí agus faisnéise i rith próiseas reachtach náisiúnta (An tAcht Ceimiceán (Leasú) 2010) agus Eorpach (leasuithe ar iarscríbhinní REACH, oiriúnuithe do CLP agus leasuithe ar Iarscríbhinn I de Rialachán Rotterdam). Bhíomar ar thús cadhnaíochta chomh maith maidir le forbairtí AE i réimse na nana-ábhar agus go háirithe conas ba chóir díriú orthu faoi REACH agus CLP.

Tá na **Coimisinéirí Ioncaim** ceaptha mar Údarás Náisiúnta Ainmnithe faoi Airteagal 17 de Rialachán Rotterdam, agus tá Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim freagrach as rialú a dhéanamh ar onnmhairiú agus ar allmhairiú na gceimiceán contúirteach, liostaithe sa Rialachán. Maidir leis seo, rinneadh ceimiceáin, a bhfuil cosc ar a n-onnmhairiú nó a shriantar a n-onnmhairiú, a phróifíliú i rith 2010 ar Chóras Imréiteach Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim um Próiseáil Uathoibrithe Iontrálacha (PUI). Léirigh an mhonatóireacht iar-imréitigh a rinneadh i rith na bliana go bhfuil an códú cuí á chur ag onnmhaireoirí Éireannacha ar a ndearbuithe onnmhairíochta don chuid is mó.

Tá **Bord Ospidéal Beaumont** ceaptha mar an tÚdarás Náisiúnta i dtaca leis an Rialachán maidir le Glantaigh (Airteagal 9(3) amháin) agus an Rialachán CLP (Airteagal 45 amháin) faoin Acht Ceimiceán (Leasú) 2010. Ainmníodh an **Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimheanna (NPIC)**, atá lonnaithe in Ospidéal Beaumont

chun faisnéis táirgí a sholáthar le riachtanais na bproifisiúnach leighis a chomhlíonadh. Soláthraíonn an Roinn TF, Ospidéal Beaumont córas um bainistíocht ospidéal chun faisnéis táirgí a stóráil agus a aisghabháil agus tugann sí tacaíocht dó. Léirítear sna réamhshonraí gur thug an NPIC freagra ar fhiosrúcháin i 2010, maidir le teagmhais nimhiú/nochtadh an duine, a bhain le 1111 táirge glantaigh. Ba iad na táirgí glantaigh ba mhó a bhí i gceist sna cásanna sin ná saicíní/capsúil de leacht glantacháin fabraicí, tuarthóir, dífhabhtáin, leacht níocháin agus táibléid mhiasniteora.

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) a thugann creidiúnú ISO/IEC 17025 do shaotharlanna agus reáchtálann sé clár um dhea-chleachtas saotharlainne (DCS) de réir Phriosabail an Dea-Chleachtais Saotharlainne ag an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). Thuairiscigh INAB nach bhfuil creidiúnú ISO/IEC 17025 ag aon saotharlann faoi láthair i gcomhair gníomhaíochtaí tástála faoi Airteagail 8(2) agus 8(3) den Rialachán maidir le Glantaigh, .i. níl aon saotharlann faofa tástála in Éirinn.

## 2. Príomhshaincheisteanna

Bhí dhá spriocdháta ríthábhachtacha REACH agus CLP ann don tionscal i 2010 agus threoraigh an tÚdarás iarrachtaí chun tacú le cuideachtaí agus chun comhairle a thabhairt dóibh maidir lena ndualgais agus a n-oibleagáidí. Ba é an chéad spriocdháta clárúcháin faoi REACH ná an 30 Samhain, do shubstaintí lena mbaineann cúram an-mhór (carcanaiginí, só-ghineacha, tocsainí atáirgthe srl) agus substaintí de breis is 1,000 tona in aghaidh na bliana. Ba é an chéad spriocdháta fógraithe CLP chun aicmithe a chur in iúl do ECHA ná an 1 Nollaig. Tugann statisticí tosaigh le tuiscint gur chuir páirtithe leasmhara ó Éirinn 227 sainchomhad agus 89,445 fógra isteach.

In éineacht le DAFF, chuir an tÚdarás páipéar faoi bhráid an Choimisiúin inar tugadh mionsonraí ar shaincheisteanna a bhain le Rialachán Rotterdam a chur i bhfeidhm, chomh maith le réitigh a d'fhéadadh a bheith i gceist. Ag an séú cruinniú déag de chuid na nÚdarás Náisiúnta Ainmnithe (ÚNA) i mí Dheireadh Fómhair, mhol an Coimisiún go ndéanfaí roinnt de na pointí sin a phlé nuair a dhéanfaí athbhreithniú ar Rialachán Rotterdam i 2011.

Thuairiscigh Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim (RCS) nach ndéantar ceimiceáin áirithe atá faoi réir Rialachán Rotterdam a aithint i gcónaí i gcóid custaim. Is saincheist é seo a chuireann isteach ar gach Ballstát den AE. Chun díriú ar an tsaincheist, chuir RCS (Éire) togra faoi bhráid an Choimisiúin le húsáid uimhreach uathúla, chun ceimiceáin áirithe a aithint, a dhéanamh sainordaitheach. Ní bhfuair an RCS freagra ón gCoimisiún fós maidir lena thogra.

Faoin Rialachán maidir le Glantaigh, tar éis fógra neamh-chomhlíonachta a fháil ón nGearmáin (táirge glantaigh a fuarthas ar an margadh), thug an tÚdarás rabhadh do Chustam, don Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimheanna agus don Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA) agus chuaigh sé i gcomhairle leo chun seasamh na hÉireann a chur faoi bhráid an Ghrúpa Oibre.

## 3. Cláir Fhorfheidhmithe

### 3.1 Cur síos ar na gníomhaíochtaí forfheidhmithe arna ndéanamh ag gach uile údarás áitiúil faoi gach ceann de na rialacháin ábhartha

Rinne an HSA timpeall is 1,400 cigireacht REACH, ar a n-áirítear 16 chigireacht mhionsonraithe chun an Clárúchán a sheiceáil, i gcomhlíonadh leis an Straitéis Fhorfheidhmithe REACH 2010.

Téann an EPA i mbun réimse gníomhaíochtaí forfheidhmithe a bhfuil mar aidhm acu an truailliú comhshaoil ceimiceán a chosc, mar shampla, trí cheadúnais thionsclaíocha agus dramhaíola a chur i bhfeidhm, agus trí reachtaíocht a chur i bhfeidhm lena rialaítear ceimiceáin a mbaineann priacal ar leith leo don duine agus don chomhshaol.

Rinne DAFF cigireachtaí ar dháileoirí lotnaidicídí agus ar fheirmeoirí faoi scóip na Treorach Bithicídí 98/8/CE agus na Treorach um Tháirgí Cosanta Plandaí 91/414/CEE.

Rinne an tSeirbhís Custaim a dualgais maidir le forfheidhmiú a chomhlíonadh faoi Rialachán Rotterdam trí cheimiceáin áirithe chontúirteacha a phróifíliú go leictreonach ar an gCóras Imréiteach Custaim PUI, agus trí bhailíochtú ag an bhFoireann custaim a dhéanamh orthu ag a bpointe ollmhairithe.

### 3.2 Cur síos ar chláir forbartha cigirí agus ar chláir forbartha an phróisis chigireachta ar thug gach uile údarás náisiúnta fúthu

D'ullmhaigh an tÚdarás Straitéis Fhorfheidhmithe agus Plean Oiliúna REACH 2010 ina dtugtar breac-chuntas ar riachtanais forbartha agus oiliúna na gcigirí agus ar na ceanglais agus acmhainní a bheidh ag teastáil chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Ainmníodh croíghrúpa de bhaill foirne speisialta chun an oiliúint agus tacaíocht theicniúil REACH a sholáthar do chigirí, a thugann comhairle agus léirmhíniú teicniúil ar an Rialachán REACH.

D'fhreastail an EPA ar sheimineáir de chuid an Údaráis faoin rialachán CLP nua agus ar sheimineár a bhí urraithe ag an Údarás faoi "Éirim Shlabhra an tSoláthair" a thug comhghleacaí ó Ghníomhaireacht Chomhshaoil na Ríochta Aontaithe.

## 4. Socruithe um Chomhar

### 4.1 Meabhrán Tuisceana (MT) idir údaráis náisiúnta

Threoraigh an tÚdarás an obair ullmhúcháin a rinneadh ar Mheabhrán Tuisceana, a síníodh i mí Iúil 2010, idir Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Leagtar amach sa Mheabhrán Tuisceana sin a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach maidir le Rialachán Rotterdam a chur i bhfeidhm.

Leanfar le díospóireachtaí le DAFF faoi Mheabhrán Tuisceana maidir leis an Rialachán REACH i 2011.

Dhréachtaigh an tÚdarás Meabhrán Tuisceana faoi ghlantaigh agus cuireadh é sin faoi bhráid an EPA lena bhreithniú. Déanfaimid iarracht é sin a chur i gcrích i 2011.

Bhí an Roinn i gceannas ar chruinniú idir-rannach amháin i 2010 a d'fhreastail gach uile Údarás Inniúil náisiúnta air. Tionóladh roinnt cruinnithe déthaobhacha chomh maith chun forbairt a dhéanamh ar an treoir REACH agus ar ghníomhaíochtaí riaracháin eile.

### 4.2 Socruithe um chomhar frithpháirteach le húdaráis sheachtracha

I 2010, thug an tÚdarás comhairle theicniúil agus polasaí dár gcomhghleacaithe sa Rialtas (DEHLG, EPA, An Roinn Dlí agus Cirt, An Roinn Sláinte agus Leanaí, srl) ar réimse suntasach earnálacha comhshaoil agus reachtaíochta eile (RoHS, PoPS, réamhtheachtaí pléascacha, siopaí siabhráin, dúigh tatú, srl).

Chuaigh an tÚdarás i dteagmháil chomh maith leis na hÚdaráis Inniúla ábhartha REACH sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann (HSE agus HSE Tuaisceart Éireann) chun taithí agus faisnéis maidir le cur i bhfeidhm REACH a roinnt. Ghlacamar páirt trí na naisc sin i gcruinnithe Ghrúpa Idirchaidrimh na Ríochta Aontaithe um Fhorfheidhmiú REACH agus d'fhreastalaíomar ar dhá chruinniú dá leithéid i 2010.

Tionóladh Comhchruinniú Údarás Náisiúnta Ainmnithe na hÉireann amháin idir Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim, an tÚdarás agus an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Pléadh saincheisteanna a bhain le Rialachán Rotterdam a chur i bhfeidhm in Éirinn, chomh maith le hábhair oibriúcháin agus polasaí.

## 5. Coistí Náisiúnta Comhairleacha

Is é an Coiste um Chomhairle Theicniúil agus Eolaíoch de chuid an Údaráis (TSAC) an príomhfhóram i gcomhair an chomhairliúcháin ceimiceán le comhlachtaí seachtracha, agus glacann ionadaithe EPA agus DAFF araon páirt san fhóram sin. Tionóladh trí chruinniú i 2010 tar éis forbairtí a chur i gcrích maidir leis na Rialacháin REACH agus CLP agus tar éis do threoir a bheith forbartha ag an Údarás maidir le bainistiú sábháilte ceimiceán.

## 6. Dualgais Údaráis Náisiúnta

### 6.1 Riarachán

*Na Rialacháin REACH agus CLP:*

Threoraigh an tÚdarás an clár náisiúnta ar REACH agus CLP i 2010 nuair a d'fhreastail sé ar thrí chruinniú CARACAL agus ar fhoghrúpaí breise ar nana-ábhair agus ar athchóiriú an Rialacháin CLP. Chomh maith leis sin, thugamar comhairle polasaí ar réimse saincheisteanna sna fóraim dhifriúla sin. Ina theannta sin, bhíomar ar thús cadhnaíochta maidir le haighneachtaí a chur faoi bhráid comhairliúcháin phoiblí a d'eagraigh ECHA agus an Coimisiún. Mar shampla, ghlacamar páirt i gcomhairliúcháin ar shrianta, ar údaruithe, ar aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe agus ar thograí aitheantais agus tástála SCAM.

I 2010, d'fhreastail an EPA ar dhá chruinniú CARACAL REACH de chuid an AE agus thug sí faisnéis chomhshaoil don Údarás chomh maith faoi chomhairliúcháin ECHA ar shubstaintí a bhfuil sé beartaithe iad a chur le liostaí iarrthóirí agus údarú REACH, chomh maith le comhairle polasaí ar an idirghníomhú idir reachtaíocht Orgánach Géinmhodhnaithe (GMO) agus REACH.

Ghlac gach uile Údarás Inniúil náisiúnta páirt sa tuairisc cúig bliana de chuid na mBallstát (Airteagal 117) chuig Coimisiún an AE maidir le feidhmiú agus forfheidhmiú REACH in Éirinn, a chomhordaigh agus a chuir an HSA isteach mar Phríomhúdarás Inniúil.

*Rialachán Rotterdam:*

I 2010, d'fhreastail ionadaithe ón Údarás ar an dá Chruinniú Údarás Náisiúnta Ainmnithe (ÚNA) de chuid an AE, agus ar an dá chruinniú de chuid an Choiste Rialála arna dtionóladh chun Iarscríbhinn I de Rialachán Rotterdam a leasú. Níor fhreastail DAFF ar aon chruinniú ÚNA i 2010.

Mar Údarás Náisiúnta Ainmnithe faoi Rialachán Rotterdam maidir le lotnaidicídí, thuairiscigh an **Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFF)** nach bhfuarthas iarratas PIC ar bith i 2010 a bhain le lotnaidicídí.

Phróiseálamar 15 fhógra onnmhairithe agus 4 thoiliú follasacha faoin Rialachán Onnmhairíochta-Allmhairíochta agus thugamar freagra ar 15 fhiosrúchán eile a bhain le cur i bhfeidhm an Rialacháin.

Soláthraíonn Seirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim an fhaisnéis ábhartha chun tuairisc a thabhairt don Údarás agus ní chuirtear ceanglais thuairiscithe dhíreacha ar bith uirthi faoin reachtaíocht sin.

*An Rialachán maidir le Glantaigh:*

Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle le páirtithe leasmhara in Éirinn chun seasamh na hÉireann a ullmhú agus a chur in iúl don Choimisiún maidir le tograí chun fosfáití i nglantaigh a shrianadh.

### 6.2 Fortbairtí reachtaíochta

Ba í an phríomhfhorbairt reachtaíochta ná achtú an Achta Ceimiceán (Leasú), 2010, ar thacaigh gach uile údarás náisiúnta leis. Cuireann sé seo an Rialachán CLP (CE) 1272/2008/CE i bhfeidhm go náisiúnta, chomh maith leis na leasuithe ar fad roimhe seo agus sa todhchaí ar na rialacháin ábhartha laistigh de scóip na nAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, m.sh. Iarscríbhinn ar bith den Rialachán REACH arna leasú ó tháinig an tAcht Ceimiceán 2008 i ngníomh, mar Iarscríbhinn XVII (liosta na srianta).

Sholáthair an tÚdarás tacaíocht theicniúil chomh maith i gcomhair forbairtí reachtaíochta ar an Rialachán REACH agus a Iarscríbhinní, go háirithe maidir le leasú ar Iarscríbhinní II, XIII, XIV agus XVII. Ullmhaíodh seasaimh náisiúnta chun tacú leis an DETI maidir leis an bpróiseas Coisteolaíochta. Cé gurb é an DETI an tÚdarás Náisiúnta Ainmnithe maidir le hAirteagal 133, ghníomhaigh an tÚdarás ina ionad i gcás cruinnithe ar leith.

Chuaigh an EPA i dteagmháil leis an Údarás, an DETI agus an DEHLG ar shaincheisteanna difriúla, mar shampla an t-idirghaol idir REACH agus an reachtaíocht chomhshaoil eile (m.sh. reachtaíocht a bhaineann leis an dramhaíl, le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, le truailleáin mharthanacha orgánacha, le srianadh substaintí guaiseacha agus leis an tsaincheist maidir le fosfaití i nglantaigh).

**6.3 Polasaí um threoir agus forfheidhmiú**

*REACH agus CLP:*
Tugadh ar aird sa straitéis fhorfheidhmithe agus sa chlár oiliúna REACH agus CLP 2010 de chuid an Údaráis an obair a rinne FÓRAM an ECHA agus na polasaithe a thig as iarrachtaí na ngrúpaí oibre éagsúla. Ina theannta sin, thug an tÚdarás comhairle polasaí agus theicniúil ag an BHFÓRAM (dhá chruinniú a tionóladh i 2010), agus ghlac sé páirt freisin i roinnt grúpaí oibre. Ghlacamar páirt chomh maith i ngrúpa oibre an Fhóraim a rinne ábhar oiliúna a fhorbairt i gcomhair an teagmhais, Oiliúint CLP d'Oiliúnóirí Forfheidhmithe, agus úsáidfaimid an taithí sin agus na hábhair ón teagmhas san obair inmheánach oiliúna a bheidh ar siúl againn.

Chomh maith leis sin, maidir le treoir a fhorbairt, chuir an tÚdarás le hobair Ghrúpaí Comhpháirtíochta Saineolaithe (GCSanna) an ECHA a rinne treoirdhoiciméid a bhaineann le gnéithe éagsúla REACH agus CLP a athbhreithniú agus a nuashonrú, ar a n-áirítear treoir maidir le ceanglais faisnéise agus measúnacht sábháilteachta ceimiceán, bileoga sonraí maidir leis an tsábháilteacht agus coinníollacha a rialaítear go dian. Chomh maith leis sin, ghlacamar páirt sa Ghrúpa Oibre Saineolaithe um Chur in Iúl Guaiseacha ar fhorbairt na treorach ECHA maidir le lipéadú agus pacáistiú CLP. Ina theannta sin, chuireamar le polasaí agus le treoir maidir le nana-ábhair a fhorbairt trí pháirt a ghlacadh i bhfoghrúpaí CARACAL agus i ngrúpaí oibre eile.

*Rialachán CLP:*
Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach faoi Airteagal 45 den Rialachán CLP chun a fháil amach an féidir an fhaisnéis a chomhchuibhiú a chuirfear faoi bhráid Lárionaid na Nimheanna agus na gcomhlachtaí ceaptha, ar a n-áirítear formáid a bhunú d'allmhaireoirí agus d'úsáideoirí iartheachtacha chun faisnéis a chur isteach. Beidh tionchar mór ag toradh an athbhreithnithe sin agus an chomhairliúcháin ina dhiaidh sin le páirtithe ábhartha leasmhara ar sheasamh an Choimisiúin maidir le Rialachán a chuirfidh Iarscríbhinn leis an Rialachán CLP. Tá leas sa phróiseas sin ag Cumann Eorpach na Lárionad Nimheanna agus Tocsaineolaithe Cliniciúla (EAPCCT).

I rith 2010, ghlac Stiúrthóir agus Bainisteoir an NPIC páirt ghníomhach i ngrúpa oibre a comóradh ag an EAPCCT chun treoirlínte comhchuibhithe a fhorbairt maidir le faisnéis táirgí, i gcomhair Lárionad Nimheanna agus comhlachtaí ceaptha. D'fhreastail siad ar cheithre chruinniú de chuid an ghrúpa oibre, ghlac siad páirt i ndíospóireachtaí ríomhphoist maidir leis na treoirlínte agus d'fhreastail siad ar cheardlann ar 24 Samhain arna thionól ag an gCoimisiún chun na dréacht-theoirlínte a chur os comhair an tionscail. Déanfar obair bhreise ar na treoirlínte i 2011 agus cuirfidh an Coimisiún a athbhreithniú i gcrích faoi mhí Eanáir 2012.

**6.4 Múscailt feasachta**

Is é an tÚdarás an Príomhúdarás fós maidir le comhairle agus faisnéis a sholáthar. Dhíríomar ar 465 fiosrúchán REACH agus ar 228 fiosrúchán CLP agus Glantach tríd an Deasc Chabhrach Náisiúnta againn i gcomhair na Rialachán REACH agus CLP. Chomh maith leis sin, reáchtálamar roinnt seimineár múscailte feasachta (dhá) agus seimineár Gréasáin (dhá) i 2010 chun feasacht tionscail a mhúscailt maidir le ceanglais chlárúcháin REACH agus le ceanglais fhógraithe CPL. Ba iad sin na chéad sheimineáir Ghréasáin a reáchtáil an tÚdarás agus is marc suntasach iad sa chlár oibre um nua-chóiriú againn.

Chuaigh an EPA i mbun gníomhaíochtaí éagsúla chun feasacht a mhúscailt, ar a n-áirítear faisnéis maidir le REACH a liostáil ar a shuíomh Gréasáin, foilseacháin a eisiúint (m.sh. tuairiscí taighde, nuachtlitir an EPA, treoirdhoiciméid), comhdhálacha a reáchtáil agus saincheisteanna a chur in iúl do na meáin.

Fuair an tionscal faisnéis ó Sheirbhís Custaim na gCoimisinéirí Ioncaim (tríd an gCoiste Comhairleach Custaim) faoi na ceanglais maidir le dearbhú onnmhairithe agus Uimhir Thagartha Aitheantais (UTA) a bhaineann le honnmhairiú na gceimiceán arna gclúdach ag Rialachán Rotterdam. Leagtar amach ar shuíomh Gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim chomh maith faisnéis ghinearálta maidir le hEarraí coiscthe/srianta, ar a n-áirítear faisnéis i leith onnmhairiú Ceimiceán Contúirteach faoi Rialachán Rotterdam.

D'eisigh an Lárionad Náisiúnta Faisnéise um Nimheanna treoirlínte do mhonaróirí ar a shuíomh Gréasáin maidir le faisnéis táirgí a chur faoi bhráid an NPIC.

## 7.0 Taighde

I rith 2010, thug an EPA tacaíocht, trína cláir taighde, do réimse leathan tionscadal taighde a bhain le saincheisteanna ceimiceán. Tugann an EPA tacaíocht chomh maith do Chlár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise a bhfuil sé mar aidhm aige tionscal na hÉireann a spreagadh chun cleachtais níos glaine agus níos glaise a chur i bhfeidhm.

Bhain an tÚdarás úsáid as na torthaí ón Suirbhé Úsáid Ceimiceán 2008 aige chun díriú ar an earnáil mótarfheithiclí mar earnáil mhórphriacail. D'ullmhaíomar roinnt bileog eolais agus póstaer agus dhálamar ar an earnáil iad chun na guaiseacha ar leith atá os comhair na mball a chur in iúl dóibh agus chun a thaispeáint dóibh conas an priacal a bhainistiú.

# Aguisín H: Forbhreathnú de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar Úsáid Fuinnimh i 2010

Is iad ár bhfoirgneamh oifige ceanncheathrún i mBaile Átha Cliath, 7 n-oifig réigiúnacha agus 2 thrádstóras a úsáideann an méid fuinnimh is mó. Úsáidtear an méid fuinnimh is mó inár bhfoirgnimh oifige don téamh, aerchóiriú, soilsiú, trealamh oifige agus trealamh lónadóireachta.

I 2010, d'úsáid an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta 846,004 kWh d'fhuinneamh, a bhí comhdhéanta de:

- 41,156 kWh de ghás nádúrtha
- 804,848 kWh de leictreachas;

## Gníomhartha ar Tugadh Fúthu i 2010

I 2010, thug an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi réimse tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, ar a n-áirítear:

- Soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil sa cheanncheathrú
- Gléasanna ilfheidhmeanna a úsáid a laghdaigh an méid fótachóipeála agus líon na ngléasanna.
- Cuireadh an scéim dul go hobair ar rothar chun cinn
- Athchúrsáil páipéir. Fágadh 80 crann ag fás i 2010 trí pháirt a ghlacadh ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i gclár athchúrsála.

## Gníomhartha atá Beartaithe do 2011

I 2011, tá sé beartaithe ag an Údarás feabhas breise a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- Coire nua atá tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil inár nOifig i mBaile Átha Luain
- Soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh a shuiteáil inár n-oifigí réigiúnacha
- Uasghráduithe breise fearas sa cheanncheathrú
- Scagairí aerchóirithe a ghlanadh nó cinn nua a shuiteáil
- Dramhaíl a athchúrsáil nó a laghdú nuair is féidir
- An scéim dul go hobair ar rothar a chur chun cinn agus an fhoireann a spreagadh chun siúl, dul ar rothar nó carr-roinnt a dhéanamh nuair is féidir
- Oiliúint tiomána atá tíosach ar fhuinneamh a sholáthar mar chuid den chúrsa Ardscileanna Tiomána a chuirtear ar fáil don fhoireann

# Aguisín I: Ráiteas ar Chomhlíonadh na gceanglas den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit – Anuas ar an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ní foláir an Ráiteas Comhlíontachta seo a léamh in éineacht leis an Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus i Ráitis Airgeadais an Údaráis. Déantar iarracht sa Ráiteas seo ráthaíocht a thabhairt maidir le réimse míreanna a dtugtar mionsonraí orthu i Mír 13.1 den Chód agus nach ndírítear orthu sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais.

Tá Cód Caighdeán agus Iompraíochta leagtha síos d'fhostaithe agus tá Cód Rialachais Chorparáidigh leagtha síos do Bhaill an Bhoird agus cloítear leis an bpéire acu.

Bíonn polasaí an Rialtais ar thuarastal na bPríomhfheidhmeannach agus fostaithe gach comhlachta Stáit á chomhlíonadh. Foilsítear sonraí faoi thuarastal an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin sa Tuarascáil Bhliantúil.

Bíonn treoirlínte an Rialtais maidir le táillí agus speansais Stiúrthóirí a íoc á gcomhlíonadh chomh maith. Tá na táillí agus speansais a íocadh le baill an Bhoird i rith 2010 mionsonraithe i nóta a théann leis na Ráitis Airgeadais agus sa Tuarascáil Bhliantúil.

Ní raibh aon mhíreanna suntasacha lasmuigh den chlár comhardaithe.

Tá an tÚdarás tar éis a bheith i gcomhlíonadh ar gach bealach le polasaithe an Rialtais i dtaobh taistil, chloígh sé le polasaí agus leis na nósanna imeachta soláthair is ábhartha, agus bíonn sé i gcomhlíonadh leis na nósanna imeachta a bhaineann le diúscairt sócmhainní.

Chloígh an tÚdarás leis na dlíthe ábhartha cánach go léir agus tá an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh.

Thar ceann an Bhoird.

***Michael Horgan***

**Cathaoirleach**
*Márta 2011*

*Ag Obair chun Cultúr Náisiúnta a Chruthú ina mbeidh Cách Tiomanta don tSábháilteacht agus don tSláinte ar na hIonaid Oibre agus do Bhainistiú Slán Inbhuanaithe na nÁbhar Ceimiceach*


**AN TÚDARÁS SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHTA**

**Teil: 1890 289 389**

Ó lasmuigh d'Éirinn:

00353 1 6147000

Fax. (01)6147020

www.hsa.ie


HEALTH AND SAFETY AUTHORITY


Uimhir ISBN: 978-1-84496-149-8

HSA0367